



TREOIRLÍNTE LE HAGHAIDH CIGIREACHTAÍ COMHBHEARTAITHE AGUS CIGIREACHTAÍ COMHPHÁIRTEACHA

Nollaig 2020

Liosta giorrúchán

Giorrúcháin	Sainmhíniú
AE	An tAontas Eorpach
BS	Ballstát/Ballstáit
CE	An Coimisiún Eorpach
CJInna	Cigireachtaí Comhbheartaithe agus Cigireachtaí Comhphárteacha
EDPB	An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí
EIS	An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair
ELA	An tÚdarás Eorpach Saothair
EU-OSHA	An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair
IMI	Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh
KPI	Príomhtháscaire Feidhmíochta
NLO	Oifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh
PIR	Tuarascáil Iarchigireachta
RGCS	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
SPO	Eagraíocht Chomhpháirtíochta Sóisialta

Clár na nÁbhar

Liosta giorrúchán.....	2
1. Réamhrá.....	4
1.1 An tábhacht a bhaineann le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha	4
1.2 Na príomhghníomhaithe agus na príomhshreafaí oibre le haghaidh cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a dtacaíonn ELA leo	7
1.3 Aidhm na dtreoirlínte.....	7
2. Treoir sreafa oibre do na Ballstáit maidir le comhordú agus tacaíocht ELA a iarraidh le haghaidh cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach.....	10
2.1 An cás a shainaithe agus a shonrú.....	11
2.2 Líonann na Ballstáit sonraí cáis isteach i dteimpléad ó ELA.....	13
2.3 Seolann an tOifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh nó na hOifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh iarraidh oifigiúil ar thacaíocht chuig ELA agus tugann sé/sí nó siad fógra do na Ballstáit eile lena mbaineann.....	14
2.4 Déanann ELA meastóireacht ar iarraidh ar thacaíocht le haghaidh cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach	14
2.5 Déanann na Ballstáit agus ELA an Comhaontú a chomhlánú agus a shíniú agus comhaontóidh siad sainiúlachtaí na cigireachta comhbheartaithe nó na cigireachta comhpháirtí	15
2.6 Cás a dhur i gcrích.....	19
2.7 Comhlánaíonn an comhordaitheoir gníomhaíochta comhpháirtí an tuarascáil leantach.....	21
2.8 Sainaithníonn na Ballstáit agus ELA bearnaí agus gníomhaíochtaí féideartha amach anseo	22
2.9 Tugann na Ballstáit agus ELA an cás chun críche agus pleanálann siad obair leantach fhéideartha.....	22
3. Treoir sreafa oibre do ELA maidir le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a thionscnamh.....	25
3.1 Bailíonn ELA faisnéis ó ghearáin agus óna chuid anailísí agus measúnuithe riosca féin	26
3.2 Cuireann ELA an measúnú i gcrích agus cuireann sé an cás ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin.....	27
3.3 Déanann Stiúrthóir Feidhmiúcháin ELA cinneadh foirmiúil ar cé acu ba cheart nó nár cheart an cás a mholadh d'údarás na mBallstát lena mbaineann.....	27
3.4 Trí na hOifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh, seolann ELA chuig na Ballstáit sonraí cáis agus moladh á rá gur cheart cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach a dhéanamh.....	27
4. Treoir sreafa oibre d'eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta ar an leibhéal náisiúnta maidir le haird ELA a tharraingt ar chásanna.....	29
4.1 Bailíonn na comhpháirtithe sóisialta sonraí atá ábhartha don chás, ina sonraítear na hiarrachtaí a rinneadh cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar an gcás i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta ábhartha.....	30
4.2 Déanann an eagraíocht náisiúnta chomhpháirtíochta sóisialta teagmháil leis na húdaráis náisiúnta ábhartha chun a chur in iúl dóibh go bhfuil sé de rún aici aird ELA a tharraingt ar chás.....	31
4.3 Comhlánaíonn an eagraíocht náisiúnta chomhpháirtíochta sóisialta an teimpléad chun aird ELA a tharraingt ar an gcás. 31	31
4.4 Seolann an eagraíocht náisiúnta chomhpháirtíochta sóisialta an cás chuig ELA agus cuireann sí údarás náisiúnta ábhartha agus an tOifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh lena mbaineann ar an eolas faoi.....	31
4.5 I gcomhar le hOifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh an Bhallstáit/na mBallstát lena mbaineann, déanann ELA measúnú ar an gcás.....	31
4.6 Sainaithníonn Stiúrthóir Feidhmiúcháin ELA an beart atá iomchuí (más ann dó) chun aghaidh a thabhairt ar an gcás agus tugann sé/sí fógra do na páirtithe uile lena mbaineann	32
Iarscríbhinn 1 Tuairisc ar an gcás.....	34
Iarscríbhinn 2 Comhaontú Eiseamláireach	35
Iarscríbhinn 2a Plean Cigireachta	38
Iarscríbhinn 3 Tuarascáil Iarchigireachta.....	42
Iarscríbhinn 4 Forbhreathnú ar an mbunús dlí le haghaidh cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha sna Ballstáit.....	48
An bhfuil creat dlíthiúil ann le haghaidh cigireachtaí comhpháirteacha trasteorann? (Torthaí mionsonraithe).....	51
Cé na hinniúlachtaí atá ag cigire ar cuairt le linn cigireacht chomhpháirteach ama déanamh i do Bhallstát? (Torthaí mionsonraithe).....	53
An bhfuil sé amhlaidh go bhféadfar fianaise ama bailiú le linn cigireachta ama déanamh i mBallstát eile a úsáid mar fhianaise os comhair cúirte? (Torthaí mionsonraithe).....	56
An bhfuil sé amhlaidh go bhféadfar fianaise ama bailiú le linn cigireachta ama déanamh i mBallstát eile a úsáid mar fhianaise in imeachtaí riaracháin? (Torthaí mionsonraithe).....	58

1. Réamhrá

Mar gheall ar an gcastacht mhéadaitheach a bhaineann le mí-úsáid shoghluaisteacht an lucht saothair, tá gá ann le cigireachtaí trasteorann níos casta a dhéanamh. Is féidir leis na cigireachtaí trasteorann sin dul i ngleic go héifeachtach le scéimeanna casta calaoise trí acmhainní, faisnéis agus eolas a chónascadh ó chomhlachtaí éagsúla forfheidhmiúcháin. Ós rud é go dteastaíonn ó chigireachtaí tuiscint mhaith ar an dlí is infheidhme sna tíortha comhpháirtíochta lena mbaineann, ar na doiciméid a theastaíonn mar fhianaise, ar na teicnící imscrúdaitheacha is iomchuí agus ar an gcúnamh seachtrach is iomchuí, is gá ról a thabhairt do gheallsealbhoirí ábhartha iontu - Ballstáit eile, eagraíochtaí náisiúnta nó idirnáisiúnta (amhail EU-OSHA, EUROPOL, EUROJUST), lena n-áirítear, más ábhartha, comhpháirtithe sóisialta.

Gné an-tábhachtach de chigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha is ea comhroinnt faisnéise. Ní mór faisnéis a chomhroinnt go slán i ngach cás (trí IMI, córais eile AE nó cumarsáid chrioptithe dhigiteach a úsáid, ag brath ar an gcineál faisnéise atá i gceist), á áirithiú go gcomhlíonann an comhpháirtí eachtrach ceanglais uile an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Is féidir le cigireachtaí trasteorann cosc agus comhlíonadh a fheabhsú trí fhaisnéis luachmhar a sholáthar maidir le hinspreagadh ciontóirí agus trí threoir a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí comhair thrasteorann amach anseo. Ar mhaithe le spriocdhírú ar mhí-úsáid shoghluaisteacht an lucht saothair agus í a chosc ar bhealach níos fearr amach anseo, ba cheart d'údarás náisiúnta chigireachta úsáid mhéadaithe a bhaint as uirlisí measúnaithe riosca agus as torthaí cigireachta i dtíortha eile. Soláthraíonn an tÚdarás Eorpach Saothair tacaíocht phraiticiúil le haghaidh comhair, agus é ag díriú ar uirlisí caighdeánaithe comhair a

fhorbairt agus ar thorthaí agus nósanna imeachta rathúla cigireachta comhpháirtí a scaipeadh.

1.1 An tábhacht a bhaineann le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha

Tá an tsaorghluaiseacht oibrithe agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar ar dhá cheann de cheithre shaoirse an Aontais Eorpaigh. Is príomhchuspóir an mhargaidh aonair iad soghluaisteacht oibrithe agus saoirse maidir le soláthar seirbhísí trasteorann a áirithiú. Cónaíonn breis agus 17.6 milliún Eorpach i mBallstát nach ionann é agus Ballstát a náisiúntachta.¹ Tairbhíonn gnólachtaí den mhargadh inmheánach agus oibríonn siad thar theorainneacha ar bhonn laethúil freisin. Bunaíonn daoine féinfhostaithe a ngnólacht i mBallstáit eile. Gné dhílis den Aontas Eorpach is ea gníomhaíocht trasteorann, rud a théann chun tairbhe do dhaoine aonair, do gheilleagair agus do shochaithe ina n-iomláine. Tá méadú ag teacht ar an líon saincheisteanna a bhaineann le soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair ar fud an Aontais Eorpaigh, áfach, mar thoradh ar an méadú ar shoghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas Eorpach agus ar an difríocht leanúnach eacnamaíoch agus shóisialta atá ann. Tá méadú ag teacht ar an ngá atá ann le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha, go háirithe i réimsí amhail mí-úsáid a bhaint as postú oibrithe, féinfhostaíocht bhréagach, cuideachtaí caocha calaoiseacha, gníomhaireachtaí bréagacha oibre sealadaí agus obair neamhdhearbhaithe.

Is féidir le gníomhaíochtaí comhpháirteacha éifeachtacha trasteorann cabhrú le comhlachtaí forfheidhmiúcháin ar fud na hEorpa aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Tá cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha mar chuid de na gníomhaíochtaí comhpháirteacha sin agus is féidir leo a bheith ina ndíspreagadh éifeachtach trí na cumhachtaí imscrúdaitheacha, an saineolas imscrúdaitheach agus na hacmhainní imscrúdaitheacha atá ag roinnt comhpháirtithe éagsúla a thabhairt le chéile. Ina theannta sin,

¹ 2019 Annual report on intra-EU labour mobility ('Tuarascáil bhliantúil 2019 maidir le soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas Eorpach'), atá ar fáil ar líne ([nasc](#))

spreagann siad comhar idir comhlachtaí forfheidhmiúcháin ar fud an Aontais Eorpaigh agus léiríonn siad don phobal go bhfuiltear ag dul i ngleic le calaois chasta trasteorann.

Níl cigireachtaí trasteorann ina gcleachtas coitianta i gcuid mhór Ballstát go fóill. De réir staidéar ó EUROFOUND², tá taithí ag formhór na mBallstát (19 gcinn) ar chigireachtaí comhpháirteacha trasteorann saothair a dhéanamh agus ar úsáid a bhaint as an bhfianaise a bailíodh lena linn. Dúirt siad, áfach, nach cleachtas coitianta é sin. Is gnách gur mar ghníomhaíochtaí comhroinnte faisnéise a dhéantar na cigireachtaí trasteorann sin agus is annamh a dhéantar iad mar chuirteanna ó Bhallstáit eile.

Toisc go bhfuil a gcumhachtaí teoranta do dhlínsí náisiúnta, tá údarás agus cumas teoranta ag comhlachtaí forfheidhmiúcháin chun dul i ngleic le saincheisteanna shoghluaisteacht an lucht saothair thar lear. Ina theannta sin, tá na bearta de chuid an Aontais Eorpaigh agus na bearta trasteorann atá ar fáil faoi láthair bunaithe den chuid is mó ar an leibhéal déthaobhach (agus meabhráin tuisceana) agus ar mhalartú faisnéise. Fágann an chastacht mhéadaitheach a bhaineann le mí-úsáid shoghluaisteacht an lucht saothair, áfach, gur gá measúnú riosca agus comhordú cigireachtaí a fheabhsú ar fud tuilleadh tíortha agus ar fud an Aontais Eorpaigh ina iomláine. Mar shampla, is minic a oibríonn cuideachtaí caocha calaoiseacha i roinnt Ballstát. Bíonn tréimhse saoil teoranta ag na cuideachtaí sin, bíonn siad éagsúil ó thaobh méide de, agus athraíonn siad a n-ainm corparáideach agus a n-áit chlárúcháin go tráthrialta. Oiriúnaíonn siad iad féin go tapa chun cigireacht a sheachaint. Baineann gach ceann de na tosca sin an bonn den obair a dhéantar chun bailiú a dhéanamh ar na doiciméid agus na taifid chuideachta a theastaíonn chun cás láidir a thógáil agus den obair a dhéantar chun na doiciméid agus na taifid sin a chur i gcomparáid lena chéile agus a fhíorú³.

San aitheasc uaidh ar Staid an Aontais Eorpaigh chuig Parlaimint na hEorpa i mí Mheán Fómhair 2017, d'fhógair Jean-Claude Juncker, Uachtarán an

Choimisiúin Eorpaigh, go gcruthófaí Údarás Eorpach Saothair. Bunaíodh an tÚdarás Eorpach Saothair (dá ngairtear “ELA” agus “an tÚdarás” anseo feasta) ina dhiaidh sin le Rialachán (AE) 2019/1149 (dá ngairtear “Rialachán ELA” anseo feasta) ó Parlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, rud a tháinig i bhfeidhman 31 Iúil 2019.

Is é cuspóir an Údaráis, mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán ELA, rannchuidiú le soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a áirithiú ar fud an Aontais agus cúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus don Choimisiún córais slándála sóisialta a chomhordú laistigh den Aontas. Chuige sin, déanfaidh ELA na nithe seo a leanas:

- ☑ Rochtain a éascú ar fhaisnéis faoi chearta agus oibleagáidí maidir le soghluaisteacht an lucht saothair ar fud an Aontais, chomh maith le rochtain ar sheirbhísí ábhartha.
- ☑ Comhar idir na Ballstáit a éascú agus a fheabhsú i bhforfheidhmiú dhlí ábhartha an Aontais ar fud an Aontais, lena n-áirítear cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a éascú.
- ☑ Idirghabháil a dhéanamh i gcás díospóidí trasteorann idir na Ballstáit agus réiteach a éascú.
- ☑ Tacú leis an gcomhar idir na Ballstáit agus iad atá ag dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe.

De réir Airteagal 8(1) de Rialachán ELA, comhordóidh an tÚdarás cigireachtaí comhbheartaithe nó cigireachtaí comhpháirteacha i réimsí a thagann faoi inniúlacht an Údaráis agus tacóidh sé leis na cigireachtaí sin (féach Fíor 1).

² Eurofound (2019), Joint cross-border labour inspections and evidence gathered in their course ('Cigireachtaí comhpháirteacha trasteorann saothair agus an fhianaise a bailíodh lena linn'), atá ar fáil ar líne ([nasc](#))
³ An tArdán Eorpach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe (2019), Cigireachtaí comhbheartaithe trasteorann agus cigireachtaí

comhpháirteacha trasteorann sa chomhrac in aghaidh obair neamhdhearbhaithe

Fíor 1. An cineál cigireachta

Sainmhíniú agus riachtanais chigireachta

Cigireachtaí comhbheartaithe

Is éard is cigireachtaí comhbheartaithe trasteorann ann cigireachtaí a dhéantar go comhuaineach in dhá Bhallstát nó níos mó i leith cásanna gaolmhara, áit a n-oibríonn gach údarás náisiúnta ar a chríoch féin agus, i gcás inarb iomchuí, le tacaíocht ó bhaill foirne an Údaráis.

Cigireachtaí comhphárteacha

Is éard is cigireachtaí comhphárteacha trasteorann ann cigireachtaí a dhéantar i mBallstát i gcomhar le húdaráis náisiúnta de chuid Ballstáit amháin eile nó níos mó agus, i gcás inarb iomchuí, le tacaíocht ó bhaill foirne an Údaráis.

I measc nithe eile, cumasaítear le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhphárteacha araon comparáid a dhéanamh idir comhlíonadh áiteanna oibre difriúla de chuid na haon chuideachta amháin i dtíortha difriúla agus comparáid a dhéanamh idir fianaise agus doiciméid. Is féidir go mbeidh siad úsáideach freisin maidir le cás arna thionscnamh i mBallstát eile a thógáil nó bunús a thabhairt leis trí fianaise riachtanach a bhailiú, etc.



ag láthair amháin i mBallstát amháin



ag roinnt láithreacha i mBallstát amháin



ag láthair amháin nó roinnt láithreacha in dhá Bhallstát nó níos mó

Trí cigireachtaí comhphárteacha a dhéanamh ag láthair amháin i mBallstát amháin, is féidir eolas domhain a ghiniúint nó faisnéis atá sonrach don chás a shoiléiriú, ar faisnéis í nach féidir a shoiléiriú trí mhalartú faisnéise amháin.

Mar shampla, aird a tharraingt ar phostú mí-úsáideach oibrithe trí chumarsáid a dhéanamh leo ina dteanga dhúchais chun a chinneadh ar postáíodh iad i ndáiríre.

Mar atá ar chlé, ach tá raon feidhme níos leithne i gceist anseo: cumhdaítear i gcigireachtaí den sórt seo cuideachta aonair nó roinnt cuideachtaí a bhfuil roinnt oifigí nó brainsí nó roinnt cuideachtaí aici nó acu san aon eanáil eacnamaíoch amháin.

Déantar cigireachtaí comhphárteacha nó cigireachtaí comhbheartaithe i roinnt Ballstát chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna shoghluaisteach trasteorann an lucht saothair atá an-chasta agus/nó atá ag athrú, amhail gníomhaireachtaí oibre sealadaí nó líonraí a oibríonn i níos mó ná Ballstát amháin. Déantar iad chun dul i ngleic le heintitis dhlíthiúla atá ag athrú go tapa nó le roinnt fochonraitheoirí éagsúla.

Foinse: An tArdán Eorpach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe (2019), Páipéar acmhainne foghlama ón gceardlann athbheithnithe théamaigh maidir le cigireachtaí comhbheartaithe trasteorann agus cigireachtaí comhphárteacha trasteorann, Liospóin, an Phortaingéil, 28 Feabhra–1 Márta 2019

1.2 Na príomhghníomhaithe agus na príomhshreafaí oibre le haghaidh cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a dtacaíonn ELA leo

De réir Airteagal 8(1) de Rialachán ELA, féadfaidh Ballstát amháin nó níos mó a iarraidh go dtionscnofaí cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha. Thairis sin, féadfaidh an tÚdarás a mholadh ar a thionscnamh féin d'Údarás na mBallstát lena mbaineann go ndéanfadh siad cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach. Ina theannta sin, de réir Airteagal 8(1) de Rialachán ELA, féadfaidh eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta ar an leibhéal náisiúnta aird an Údarás a tharraingt ar chásanna (féach Fíor 2).

Fíor 2. Tionscnoir na cigireachta



ELA

Féadfaidh ELA cigireacht chomhbheartaithe agus cigireacht chomhpháirteach a mholadh



BS

Féadfaidh na Ballstáit cigireacht chomhbheartaithe agus cigireacht chomhpháirteach a iarraidh



SPO

Féadfaidh eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta aird ELA a tharraingt ar chás

Féadfaidh na gníomhaithe sin trí shreabhadh oibre bhunúsacha a thionscnamh chun an chigireacht chomhbheartaithe nó an chigireacht chomhpháirteach a dtacaíonn ELA léi a phleanáil agus a chur chun feidhme agus chun obair leantach a dhéanamh ina leith. Tugtar sa doiciméad seo tuairisc ar na sreafaí oibre sin agus díreann ar an bpróiseas cigireachta ar fad ó thaobh na dtionscnoir de.

Áirítear leis na treoirlínte seo freisin anailís ar an mbunús dlí le haghaidh cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a dhéanamh, ar an úsáid a bhaintear as fianaise a bailíodh le linn cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha agus ar an ról atá ag cigirí sna Ballstáit óstacha (chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach [larscríbhinn 4](#)).



Dea-chleachtas

Tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann foirme measctha atá comhdhéanta d'údarás inniúla dhifriúla agus, i gcás inarb ábhartha, de gheallsealbhóirí eile a bhunú chun cigireacht a dhéanamh.

Ba cheart na treoirínte seo a léamh i gcomhar leis an bhfoireann uirlisí do chleachtóirí arna forbairt ag an Ardán Eorpach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhairthe⁴, rud ina dtugtar mionsonraí faoin gcur chuige straitéiseach a ghlactar i leith obair neamhdhearbhairthe trasteorann agus faoi na céimeanna le haghaidh cigireacht rathúil a dhéanamh.

Tá na treoirínte seo ábhartha do chigirí laistigh de na comhlachtaí ábhartha ofrheidhmiúcháin (e.g. údaráis chigireachta nó údaráis eile de chuid na mBallstát) agus is é an aidhm atá leo tacú le cigirí trí threoracha céim ar chéim a thabhairt dóibh maidir le conas cigireacht chomhbheartaithe agus cigireacht chomhpháirteach a dhéanamh (féach Fíor 3).

Áirítear na nithe seo a leanas le raon feidhme an Údaráis:

- ✓ Saorghluaiseacht oibrithe (Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 agus Treoir 2014/54/AE);
- ✓ EURES (Rialachán (AE) 2016/589);
- ✓ Postú oibrithe (Treoir 96/71/CE (arna leasú le Treoir 2018/957/AE) agus Treoir 2014/67/AE);
- ✓ Comhordú slándála sóisialta (Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009, Rialachán (AE) 1231/2010) agus, a mhéid atá siad fós infheidhme, Rialachán (CEE) Uimh. 1408/71 ón gComhairle, Rialachán (CEE) Uimh. 547/72 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 859/2003 ón gComhairle;
- ✓ Gnéithe sóisialta de rialacha idirnáisiúnta iompair de bhóthar (Rialachán (CE) Uimh. 561/2006; Treoir 2006/22/AE; Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009)

1.4 Céimeanna le haghaidh cigireacht chomhbheartaithe rathúil agus cigireacht chomhpháirteach rathúil a dhéanamh

1.4.1 Cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a phleanáil

Baineann ríthábhacht le cigireacht a phleanáil go cuí. Dá éagmais sin, ní dócha go mbeidh an chigireacht éifeachtach agus is féidir nach mbainfear na torthaí riachtanacha amach. Trí phleanáil a dhéanamh, áirítear rath na ngníomhaíochtaí agus an leithdháileadh éifeachtúil acmhainní.

I dtús na céime pleanála le haghaidh cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach, sainithnítear agus sonraítear cás óna dteastaíonn comhar trasteorann (tríd an [Tuairisc ar an gcás in Iarscríbhinn 1](#) a chomhlánú) agus, ag deireadh na céime pleanála, tagtar ar chomhaontú deiridh ar chigireacht chomhbheartaithe trasteorann nó cigireacht chomhpháirteach trasteorann a dhéanamh, mar atá in [Iarscríbhinn 2](#) (dá ngairtear ‘Comhaontú’ anseo feasta). Áirítear leis an gComhaontú sin an Plean Cigireachta ([Iarscríbhinn](#)

[2a](#)) atá le comhlánú ag tionscnóir na cigireachta comhbheartaithe nó na cigireachta comhpháirtí in éineacht leis na geallsealbhoirí a bhfuil ról acu sa chéim pleanála.

1.4.2 Cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a chur chun feidhme

Sa chéim cur chun feidhme, tuairiscítear na céimeanna ar an láthair de chigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha.

Le linn na céime cur chun feidhme, cloíonn gach ball den fhoireann leis na treoracha atá ar áireamh sa Chomhaontú agus/nó sa Plean Cigireachta. Déanann na comhordaitheoirí cinntí (lena n-áirítear cinntí maidir le haon fhorbairtí gan choinne nó maidir le haon solúbthacht a theastaíonn laistigh den Chomhaontú) trí na cainéil shonraithe chumarsáide.

⁴ An tArdán Eorpach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhairthe (2019). An fhoireann uirlisí do chleachtóirí: [cigireachtaí](#)

[comhbheartaithe trasteorann agus cigireachtaí comhpháirteacha trasteorann](#)

Féachann cigirí le mionsonraí na gcásanna cigireachta a shoiléiriú, mar shampla trí gach gníomhaíocht agus gach oibrí ar an láthair a shainaithint. Is féidir go n-iarrfar ar an bhfostóir nó ar an mbainisteoir freagrach liosta de na hoibrithe cláraithe uile, a stádas fostaíochta (conarthaí saothair agus cineál conartha: féinfhostaithe, fostaithe de chuid fochonraitheora, nó oibrithe sealadacha), a n-uaireanta oibre, a bpá, foirmeacha A1, a gceadanna oibre agus a gceadanna cónaithe a sholáthar. Cuirtear an fhaisnéis sin i gcomparáid leis an bhfaisnéis atá i ráitis oibrithe, i ndoiciméid agus i gclár nó bunachair sonraí oifigiúla ansin. Is féidir go ndéanfar an tseiceáil chéanna i leith fostaithe de chuid fochonraitheora (le linn cuairt leantach a thabharfar ina dhiaidh sin). Tá modheolaíocht bheacht na cigireachta bunaithe ar phríomhchuspóir agus chomhaontú frithpháirteach na n-údarás lena mbaineann.

Má thionscnaítear an chigireacht chombheartaithe nó an chigireacht chomhpháirteach ar bhonn faisnéise arna soláthar ag eagraíocht chomhpháirtíochta sóisialta, déanann ELA measúnú ar an gcás agus sainaitníonn sé an beart atá iomchuí (más ann dó) chun aghaidh a thabhairt ar an gcás agus tugann sé fógra do na páirtithe uile lena mbaineann.

1.4.3 Obair leantach a dhéanamh i leith cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha

Is gá obair leantach a dhéanamh i leith cigireachtaí trasteorann chun na trí phríomhchuspóir seo a leanas a bhaint amach:

- ✓ Cur lena éifeachtaí atá cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha.
- ✓ Cur leis an gcumas atá ag cigirí agus ag údaráis ábhartha eile chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le cásanna casta nua maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin.
- ✓ Iompraíocht fostóirí agus fostaithe a athrú (e.g. méadú a dhéanamh ar an líon oibrithe dearbhaithe sa chuideachta a bhfuil cigireacht á déanamh uirthi nó san earnáil).⁵

Is le linn na céime seo a chuirtear chun feidhme na gníomhaíochtaí leantacha a comhaontaíodh sa Tuarascáil Iarchigireachta ([Iarscríbhinn 3](#)).

Fíor 3. Céimeanna le haghaidh cigireachtaí comhbheartaithe rathúla agus cigireachtaí comhpháirteacha rathúla a dhéanamh



Pleanáil



Cur chun feidhme



Obair leantach

⁵ Foinse: An tArdán Eorpach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe (2019), Páipéar acmhainne foghlama ón gceardlann athbhreithnithe théamaigh maidir le cigireachtaí comhbheartaithe trasteorann agus


cigireachtaí comhpháirteacha trasteorann, Liospóin, an Phortaingéil, 28 Feabhra–1 Márta 2019

2. Treoir sreafa oibre do na Ballstáit maidir le comhordú agus tacaíocht ELA a iarraidh le haghaidh cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach

De réir Airteagal 8(1) de Rialachán ELA, féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go dtionscnófaí cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha. Sa treoir sreafa oibre do na Ballstáit, sainítear agus leagtar amach céimeanna praiticiúla maidir le conas cigireacht chomhbheartaithe éifeachtach nó cigireacht

chomhpháirteach éifeachtach a ullmhú agus a chur chun feidhme agus maidir le conas obair leantach a dhéanamh ina leith. Féachtar sa treoir sreafa oibre seo freisin ar chásanna ina gcinneann Ballstát amháin nó níos mó gan páirt a ghlacadh i gcigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach.

Fíor 4. Treoir sreafa oibre do na Ballstáit maidir le comhordú agus tacaíocht ELA a iarraidh le haghaidh cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach



* Tá uimhriú na gcéimeanna aonair sa treoir sreafa oibre ag teacht leis an tuairisc mhionsonraithe thíos.

Nótaí Míniúcháin



2.1 An cás a shainaithe agus a shonrú

2.1.1 Bailíonn na Ballstáit sonraí atá ábhartha don chás

Ba cheart cigireacht a thionscnamh mar thoradh ar ghearáin thromchúiseacha, ar shaincheisteanna athfhillteacha trasteorann nó ar thorthaí measúnaithe riosca. Tá sé mar aidhm leis an gcigireacht chomhbheartaithe nó leis an gcigireacht chomhpháirteach dul i ngleic leis na nithe seo a leanas:

- ☑ Neamhchomhlíonadh na rialacha Eorpacha agus náisiúnta is infheidhme maidir le saorghluaiseacht oibríthe, agus/nó
- ☑ Neamhchomhlíonadh na rialacha Eorpacha agus náisiúnta is infheidhme maidir le saorghluaiseacht seirbhísí (oibríthe a phostú).

Is iad na spriocanna gearrthéarmacha atá leis an gcigireacht chomhbheartaithe nó leis an gcigireacht chomhpháirteach pionóis a fhorchur, ranníocaíochtaí a aisghabháil, gnólachtaí a dhúnadh, oibríthe taistil a chosaint, etc. Áirítear leis na spriocanna fadtéarmacha atá leo, mar shampla, an méid oibre neamhdhearbhaithe agus

fodhearbhaithe a laghdú in eamáil shonrach agus comhlíonadh éifeachtach na rialacha is infheidhme a leagtar síos sa chóras dlí Eorpach agus sa chóras dlí náisiúnta a bhaint amach (e.g. tuarastal íosta, uaireanta oibre, íoc cuí ranníocaíochtaí slándála sóisialta, etc.).

Is i gcomhaontú a shonraítear an príomhchuspóir, na spriocanna gearrthéarmacha agus na spriocanna fadtéarmacha atá le cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach.



Tábhachtach

Moltar go láidir don Bhallstát gníomhaíocht imscrúdaitheach a dhéanamh maidir leis an gcás ábhartha sula dtosóidh sé ar bhearta comhpháirteacha a dhéanamh agus sula rachaidh sé i dteagmháil leis na páirtithe lena mbaineann.

2.1.2 Sainaitheann na Ballstáit na geallsealbhóirí ábhartha

Mar gheall ar an gcastacht mhéadaitheach a bhaineann le mí-úsáid shoghluaiseacht an lucht saothair, tá gá ann le cigireachtaí trasteorann níos

casta a dhéanamh in dhá Bhallstát nó níos mó. Fágann sé sin gur féidir cásanna a imscrúdú feadh an tslabhra soláthair ar fad, lena n-áirítear na hoibríochtaí de chuid roinnt cuideachtaí/fochonraitheoirí atá lonnaithe i dtíortha difriúla. Teastaíonn ó chigireachtaí tuiscint mhaith ar an dlí sna tíortha comhpháirtíochta lena mbaineann, ar na doiciméid a theastaíonn mar fhianaise, ar na teicnící imscrúdaitheacha is iomchuí agus ar an gcúnamh seachtrach is iomchuí (ó phóilíní, ó chomhpháirtithe sóisialta, etc.). I gcásanna casta áirithe, mar sin, is gá ról a thabhairt do gheallsealbhóirí eile - Ballstáit eile, comhlachtaí náisiúnta nó idimnáisiúnta (amhail EU-OSHA, EUROPOL, EUROJUST), lena n-áirítear, más ábhartha, comhpháirtithe sóisialta agus institiúidí neamhbhrabúis de chuid comhpháirtithe sóisialta. Sainaitheann tionscnóir na cigireachta chomhbheartaithe nó na cigireachta comhpháirtí na geallsealbhóirí sin agus sonrúidh sé cén fáth ar cheart dóibh ról a bheith acu agus cé na gníomhaíochtaí ba cheart dóibh a dhéanamh.

Nuair a dhéantar cigireacht i gcomhar le geallsealbhóirí eile, tá sé riachtanach go mbeadh ról ag na geallsealbhóirí uile sa phróiseas pleanála. Ní mór cuspóirí na cigireachta, ról gach geallsealbhóra, na modheolaíochtaí a úsáidfeadh, an duine/na daoine a stiúrfaidh an obair agus an bealach ina ndéanfar an fhaisnéis a chomhroinnt agus a thuairisciú a bheith soiléir do gach geallsealbhóir.

Is féidir le póilíní agus ionchúisitheoirí tacú le cigireachtaí trasteorann in eamálacha ardriosca nó i gcásanna casta calaoise agus dúshaothraithe saothair trí áiteanna oibre a dhúnadh, trí úsáid a bhaint as teicnící malartacha imscrúdúcháin (e.g. cúlústeacht teileafóin/cuardach tí) agus trí shábháilteacht cigirí a ráthú.



Tacaíocht fhéideartha ó Eurojust agus ó Europol

EUROJUST

Is é EUROJUST gníomhaireacht comhair bhreithiúnaigh an Aontais Eorpaigh. Tagann an choireacht eagraithe, an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht faoina shainchúram. Go háirithe, féadfaidh Eurojust, ag gníomhú dó trína dheasca náisiúnta nó mar 'choláiste', iarraidh ar na húdaráis ábhartha de chuid na mBallstát comhfhoirme imscrúdaithe a bhunú. Tá deasca

náisiúnta i dteideal páirt a ghlacadh i bhfoime den sórt sin, lena n-áirítear na foirme sin a thionscnamh. Éascaíonn comhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus comhar póilíneachta cineálacha éagsúla imscrúduithe comhphárteacha, i.e. imscrúduithe ina nglacann oifigigh ó Bhallstát amháin páirt in imscrúduithe ar chríoch Ballstáit eile. Is féidir le hoifigigh cabhrú le gníomhaíochtaí coiriúla a shainaithint, faisnéis thábhachtach a sholáthar agus fianaise a bhailiú, gan aon ghá a bheith ann le hiarrataí foirmiúla a dhéanamh ar chúnamh dlíthiúil frithphárteach. Is féidir leo cabhrú le feabhas a chur ar na scileanna digiteacha, idirchultúrtha agus teanga agus an t-eolas teicniúil agus reachtach atá ag cigirí náisiúnta saothair freisin.

EUROPOL

Is é Europol gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le comhar i bhforfheidhmiú an dlí. Tacaíonn agus treisíonn sé le gníomhaíochtaí de chuid údaráis ábhartha na mBallstát agus leis an gcomhar frithphárteach eatarthu chun cosc agus comhraca dhéanamh ar choireacht thromchúiseach a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó, an sceimhlitheoireacht agus coireanna a imríonn tionchar ar leas coiteann a chumhdaítear le beartas an Aontais.

Is féidir le Europol cúnamh a thabhairt i gcásanna a bhaineann le calaois i ndáil le sochair shlándála sóisialta, i gcásanna a bhaineann le dúshaothrú eacnamaíoch oibrithe (neamhdhoiciméadaithe) agus i gcásanna a bhaineann leis an mainneachtain ranníocaíochtaí slándála sóisialta a íoc. Is féidir le Europol ordú imscrúdaithe Eorpach a eisiúint, comhfhoreann imscrúdaithe a sholáthar agus forfheidhmiú trasteorann a éascú trí Bharántas Gabhála Eorpach a eisiúint agus trí aitheantas frithphárteach a thabhairt do phionóis airgeadais.

Foinse: An tArdán Eorpach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe (2019), Páipéar acmhainne foghlama ón gceardlann athbhreithnithe théamaigh maidir le cigireachtaí comhbheartaithe trasteorann agus cigireachtaí comhphárteacha trasteorann, Liospóin, an Phortaingéil, 28 Feabhra–1 Márta 2019

Is féidir le comhpháirtithe sóisialta (comhlachais fostóirí agus ceardchumann) cabhrú le haird a tharraingt ar neamhrialtachtaí i ndlí an tsaothair nó ar scéimeanna calaoise trí anailís a dhéanamh ar an margadh saothair agus trí fhaisnéis áitiúil a bhailiú faoi dhálaí oibre agus faoi fhochoonraitheoirí. I dtíortha áirithe, mar shampla, seiceálann comhpháirtithe sóisialta, nó institiúidí neamhbhrabúis arna mbunú agus arna reáchtáil acu, comhlíonadh comhaontuithe comhchoiteanna; ar faisnéis í is féidir a úsáid chun anailís riosca nó gníomhaíochtaí cigireachta a chomhlánú. Is féidir le comhpháirtithe sóisialta cabhrú le cigireachtaí trasteorann a ullmhú freisin, a bhuí leis an saineolas atá acu ar chaighdeán saothair, sláinte agus sábháilteachta a mheasúnú. Faoi mar a tharlaíonn i gcás cigireachtaí náisiúnta, is féidir le comhpháirtithe sóisialta páirt a ghlacadh i gcigireachtaí trasteorann chun tacú le cigirí freisin, a bhuí leis an eolas atá acu ar an earnáil agus ar shaincheistean sonracha shoghluaisteacht an lucht saothair. Amhail i gcás an stádas atá ag cigirí eachtracha, áfach, is féidir go dtiocfaidh bacainní dlí chun cinn maidir leis an stádas atá ag ionadaí comhpháirtí shóisialta.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach na samplaí de chomhar le comhpháirtithe. ⁶



Conas is féidir le ELA cabhair a thabhairt?

Déanann ELA idirchaidreamh le EUROPOL agus, más infheidhme, le EUROJUST chun cásanna a imscrúdú agus a ionchúiseamh, i gcás inar gá, e.g. cásanna a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine nó le líonraí casta calaoiseacha. Féadfaidh Oifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh tacaíocht a iarraidh ó EUROJUST agus/nó ó EUROPOL maidir le faisnéis a fháil óna mbunachar sonraí agus maidir le bearta dlíthiúla/praiticiúla chun obair i gcomhar le Comhfhoreann Imscrúdaithe agus chun malartú slán sonraí a éascú.

Trí bhuansocruithe oibre a bhunú le EUROPOL agus le EUROJUST chun nósanna imeachta comhair a chur i bhfeidhm.

Trí thacaíocht leanúnach comhair a sholáthar (e.g. cruinnithe ullmhúcháin a éascú).

⁶ Foinse: An tArdán Eorpach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe. Ceardlann athbhreithnithe théamaigh maidir le

cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhphárteacha, Liospóin, an Phortaingéil, 28 Feabhra–1 Márta 2019.

2.1.3 Sonraíonn na Ballstáit an ról a bheidh ag ELA

In éineacht le ELA, sonraíonn an Ballstát an ról a bheidh ag ELA agus an tacaíocht ó ELA (tacaíocht foirne, tacaíocht choincheapúil, tacaíocht lóistíochta, tacaíocht theicniúil, tacaíocht dhlíthiúil nó tacaíocht a bhaineann le haistriúchán) a bheidh ag teastáil chun an chigireacht a dhéanamh, lena n-áirítear na costais mheasta (iompar, cóiríocht, ateangaireacht, comhairle dlí, uirlisí TF, etc.).

2.2 Líonann na Ballstáit sonraí cáis isteach i dteimpléad ó ELA



Tábhachtach

De réir Airteagal 8(5) de Rialachán ELA, déanfaidh na Ballstáit agus an tÚdarás **faisnéis** faoi chigireachtaí atá beartaithe a choinneáil **faoi rún** i ndáil le tríú páirtithe.

Faisnéis chúlra ar an gcás

Ba cheart don Bhallstát tuairisc ghinearálta a thabhairt ar an ngearán tosaigh nó ar an bhfaisnéis a bailíodh. Ba cheart an fhaisnéis ábhartha ar fad faoin gcás agus an fhianaise ar fad atá ar fáil a lua sa Tuairisc ar an gcás (larscríbhinn 1), mar shampla, faisnéis ó réamhthaighde nó ó mheasúnú riosca comhpháirteach, faisnéis ó imscrúduithe roimhe, lena n-áirítear sárúithe sainaitheanta, faisnéis faoi na gníomhaíochtaí a rinneadh cheana féin chun dul i ngleic leis an bhfadhb ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus faisnéis faoi thorthaí na ngníomhaíochtaí sin agus faoin ról a bhí ag Ballstát eile nó ag geallsealbhóirí iontu (más infheidhme).

- ☑ Tuairisc ar an gcás agus faisnéis chúlra ar an gcás, lena n-áirítear na Ballstáit ina ndeamadh na sárúithe, na cuideachtaí nó na fostóirí lena mbaineann, agus na bearta a rinneadh cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar an gcás, más eol.
- ☑ An chúis leis an iarraidh, agus raon feidhme na saincheiste á lua.
- ☑ An reachtaíocht ábhartha náisiúnta nó Eorpach.
- ☑ Na bacainní is féidir a shárú le cabhair ó ELA.

An earnáil agus an t-eintiteas/na heintitis a bhfuil cigireacht le déanamh uirthi nó air/orthu i ngach Ballstát

Sonróidh an Ballstát an earnáil eacnamaíoch ina n-oibríonn an chuideachta. Tá difríochtaí móra ann idir cigireacht ar láithreán tógála, cigireacht ar láithreán talmhaíochta agus cigireacht ar an earnáil fáilteachais (HoReCa). Tá feidhm ag rialacháin dhifriúla chlárúcháin agus cheadúnúcháin maidir le huaireanta oibre agus maidir leis na cineálacha doiciméad nach mór do na cuideachtaí iad a choinneáil.

Más eol, sonróidh an Ballstát freisin ainm na cuideachta/na gcuideachtaí a bhfuiltear le spriocdhíriú orthu.

Comhordaitheoir/comhordaitheoirí na cigireachta

Beidh an comhordaitheoir ginearálta i gceannas ar ábhair eagraíochtúla agus nós imeachta, lena n-áirítear tuarascálacha a dhréachtú. Tríd is tríd, ba cheart don duine a cheapfar mar chomhordaitheoir ginearálta a bheith ina c(h)omhordaitheoir náisiúnta nó ina (h)oifigeach freagrach de chuid ELA. Déanfaidh an Ballstát sonraí teagmhála an eintitis agus an duine atá i gceannas ar chomhordúnáisiúnta na cigireachta comhbheartaithe/na cigireachta comhpháirtí atá beartaithe a sholáthar do na Ballstáit iarrthacha agus, más féidir, do na Ballstáit eile lena mbaineann.

Geallsealbhóirí eile agus an líon daoine rannpháirteacha

Sonróidh an Ballstát na heagraíochtaí náisiúnta nó idirnáisiúnta eile atá rannpháirteach, lena n-áirítear, más ábhartha, eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta, agus tuairisceoidh sé cén fáth ar cheart dóibh ról a bheith acu agus cé na gníomhaíochtaí ba cheart dóibh a dhéanamh.

An líon cuideachtaí agus oibríthe taistil lena mbaineann an chigireacht

Sonróidh an Ballstát an líon measta cuideachtaí agus oibríthe taistil (lena n-áirítear oibríthe ar postú, oibríthe féinfhostaithe, oibríthe a bhfuil stádas eile acu (e.g. úinéir cuideachta, oibrí deonach)) lena mbaineann an cás go díreach, ionas gur féidir le ELA measúnú a dhéanamh ar thionchar na sárúithe féideartha ar oibríthe agus/nó ar an margadh saothair.

Cinnfear an líon cigirí a bheidh ag teastáil ar an láthair bunaithe ar fhaisnéis faoin líon oibrithe cláraithe agus oibrithe iarbhír (lena n-áirítear oibrithe neamhdhearbhaithe).

Costais mheasta atá le híoc ag ELA agus tacaíocht eile

In éineacht le ELA, sonrúidh an Ballstát an tacaíocht ó ELA a bheidh ag teastáil chun an chigireacht a dhéanamh, lena n-áirítear na garbhchostais mheasta (iompar, cóiríocht, ateangaireacht, comhairle dlí, uirlisí TF, etc.).

2.3 Seolann an tOifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh nó na hOifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh iarraidh oifigiúil ar thacaíocht chuig ELA agus tugann sé/sí nó siad fógra do na Ballstáit eile lena mbaineann

Is féidir le trí thoradh teacht as an iarraidh oifigiúil sin agus as fógra a thabhairt do na Ballstáit eile lena mbaineann:

- ☑ Comhaontaíonn na Ballstáit uile páirt a ghlacadh sa chigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach, i.e. tugann Oifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh ar leith fógra do na páirtithe eile lena mbaineann faoin gcomhaontú páirt a ghlacadh sa chigireacht.
- ☑ Comhaontaítear réiteach gan aon chigireacht trasteorann a dhéanamh agus níl aon ghníomhaíocht eile ag teastáil.
- ☑ Ní chomhaontaíonn Ballstát amháin nó níos mó páirt a ghlacadh sa chigireacht.

I gcás ina gcinneann Ballstát amháin nó níos mó gan páirt a ghlacadh i gcigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach, is sna Ballstáit rannpháirteacha amháin a dhéanfaidh údarás náisiúnta na mBallstáit eile cigireacht den sórt sin. I gcás na mBallstát a chinneann gan páirt a ghlacadh sa chigireacht, coinneoidh siad faisnéis faoin gcigireacht sin faoi rún.

De réir Airteagal 8(4) de Rialachán ELA, déanfaidh an tÚdarás na modúlachtaí a chur ar bun agus a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach iomchuí i gcás ina gcinneadh Ballstát gan páirt a ghlacadh i gcigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach. I gcás den sórt sin:

- ☑ Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an tÚdarás agus na Ballstáit eile lena mbaineann a chur ar an eolas i scríbhinn, lena n-áirítear trí bhealaí leictreonacha, agus gan moill mhíchúil faoi na cúiseanna atá leis an gcinneadh uaidh agus faoi na bearta a bhfuil sé i gceist aige iad a dhéanamh chun an cás a réiteach (agus gníomhaíochtaí nithiúla agus an tréimhse atá i gceist á sonrú aige), más ann dóibh.
- ☑ A luaithe a bheidh siad ar eolas aige, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an tÚdarás agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi thorthaí na mbearta a rinne sé.
- ☑ Féadfaidh an tÚdarás a mholadh gur cheart do Bhallstát nár ghlac páirt i gcigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach a chigireacht féin a dhéanamh ar bhonn deonach.

2.4 Déanann ELA meastóireacht ar iarraidh ar thacaíocht le haghaidh cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach

Déanann ELA meastóireacht ar iarraidh ar bhonn tacar critéar comhaontaithe a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 14 lá. Tugann ELA tús áite do mheasúnú a dhéanamh ar chásanna práinneacha agus féadfaidh sé faisnéis bhreise a iarraidh ó na Ballstáit chun an measúnú a éascú. Cé go dtabharfar tús áite do chásanna práinneacha, beidh feidhm ag na critéir mheastóireachta go fóill.

Úsáidfidh ELA na critéir seo a leanas mar bhonn chun meastóireacht a dhéanamh ar iarrataí ar chigireachtaí.

Fíor 5. Na critéir a úsáidfidh ELA chun an cás a mheasúnú



Critéar incháilitheachta

Chun bheith incháilithe le haghaidh tacaíochta, ba cheart cás trasteorann a thagann faoi raon feidhme ELA, mar a leagtar amach in Airteagal 1 de Rialachán ELA, a bheith i gceist leis an gcigireacht atá beartaithe.

An líon oibrithe/cuideachtaí lena mbaineann

Raon geografach na tacaíochta ó ELA

An riachtanas leis an gcás

Ba cheart tús áite a thabhairt do chásanna ar gá gníomhaíocht a dhéanamh ina leith toisc go bhfuil an tsaincheist ina saincheist athfhillteach, toisc nár tugadh aghaidh ar an tsaincheist roimhe seo, mar gheall ar dhéine na sáruihte, nó mar gheall ar chineál na ngníomhaíochtaí amhrasta, etc.

A thromchúisí atá an tionchar ar oibrithe agus/nó ar mhargáí saothair

Ba cheart do ELA tús áite a thabhairt do chásanna bunaithe ar dhéine na sáruihte (amhail calaois/coireacht eagraithe, etc.) agus ar an tionchar ar oibrithe nó ar na margáí saothair áitiúla nó náisiúnta.

Cumhdach earnála

Ba cheart do ELA díriú ar eamálacha tosaíochta ama sainaitheint tar éis an mheasúnaithe riosca agus ama bhformheas ag an mBord Bainistíochta. Dá ainneoin sin, ba cheart do ELA féachaint lena áirithiú go gcumhdófar eamálacha eile ina gcomhlíonann cásanna na critéir thuasluaite go soiléir.

Má thagtar ar an gconclúid sa mheasúnú ó ELA nach bhfuil aon ról le himirt ag ELA sa chás atá i gceist, ní ghlacfaidh sé páirt sa chigireacht.

Bíonn feidhm ag teimpléad an Chomhaontaithe, lena n-áirítear an Plean Cigireachta, i gcónaí nuair a ghlacann ELA páirt i gcigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha.

Nuair nach nglacann ELA páirt i gcigireacht chombheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach, moltar go n-úsáidfidh teimpléad an Chomhaontaithe, lena n-áirítear an Plean Cigireachta, mar threoir do na rannpháirtithe agus go dtabharfaí tuairisc do ELA ar thoradh na cigireachta ([larscríbhinn 3](#)).

Féadfar teimpléid an Chomhaontaithe agus an Plean Cigireachta a oiriúnú do dhlíthe agus cleachtais na mBallstát a ghlacann páirt i

gcigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha. Mar shampla, féadfar codanna de na teimpléid sin a chóipeáil de réir mar is gá, ag brath ar an líon Ballstát atá rannpháirteach i gcigireacht chombheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach (i gcás Bhallstát B, C, D, etc.). A luaithe a bheidh siad tugtha chun críche, ba cheart treoracha mionsonraithe a bheith tugtha sa dá dhoiciméad sin maidir le conas dul ar aghaidh le linn cigireacht chombheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach.

2.5 Déanann na Ballstáit agus ELA an Comhaontú a chomhlánú agus a shíniú agus comhaontóidh siad sainiúlachtaí na cigireachta comhbheartaithe nó na cigireachta comhpháirtí

Is é síniú an Chomhaontaithe ([larscríbhinn 2](#)) (agus comhlánú an Plean Cigireachta ([larscríbhinn 2a](#))) an chéim dheiridh le haghaidh na príomhfhreagrachtaí a bheidh ar na páirtithe, agus na príomhchéimeanna a bheidh le déanamh acu chun a gcuspóirí a bhaint amach maidir le mí-úsáid shoghluaisteacht an lucht saothair, a chur ar bhonn foirmiúil.

I gcás, tráth shíniú an Chomhaontaithe, nach mbeidh go leor faisnéise ag na Ballstáit lena mbaineann chun an Plean Cigireachta a chomhlánú ann, féadfaidh siad a roghnú déanamh amhlaidh tráth níos déanaí.

Cé gur réamhriachtanas le haghaidh cigireachtaí comhbheartaithe nó cigireachtaí comhpháirteacha a thionscnamh é comhaontú a fháil ó na Ballstáit rannpháirteacha uile, is amhlaidh, de réir Airteagal 8(4), go ndéanfaidh an tÚdarás na modúlachtaí a chur ar bun agus a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach iomchuí i gcás ina gcinneadh Ballstát/Ballstáit gan páirt a ghlacadh i gcigireacht chombheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach.

2.5.1 Cinneadh a dhéanamh ar an gcineál cigireachta comhbheartaithe nó cigireachta comhpháirtí

Tá an cineál cigireachtaí trasteorann atá le déanamh agus cén uair atá siad le déanamh ag brath ar an gcás aonair atá i gceist. Is iondúil go roghnaítear cigireachtaí trasteorann mar mhodh chun dul i ngleic le cásanna trasteorann mórsála casta a bhaineann le mí-úsáid shoghluaisteacht an lucht saothair. Mar shampla, teastaíonn cineálacha difriúla fianaise ar ghníomhaireachtaí calaoiseacha oibre sealadaí agus ar chuideachtaí caocha, agus is ó roinnt tíortha a

theastaíonn an fhianaise sin go minic. Tá an cinneadh chun cigireacht trasteorann a dhéanamh bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- ✔ Scála geografach an cháis lena gcumhdaítear dhá Bhallstát nó níos mó (fiú amháin i gcás ina bhfuil raon feidhme geografach na cigireachta trasteorann tosaigh teoranta do dhá thír, is féidir le fiosrúchán ar scála níos mó teacht chun cinn i dtíortha eile);
- ✔ An tuiscint go bhfuil cásanna trasteorann níos casta agus níos sofaisticiúla agus go n-úsáidtear iad nuair nach féidir sárúithe a chruthú ar bhealaí eile (amhail sárúithe a shoiléiriú trí mhalartú faisnéise);
- ✔ Nuair is fréamhaithe go daingean atá an bhunchúis le hobair neamhdhearbhaithe, rud a fhágann nach n-éireoidh le cigireachtaí indéacha iompraíocht dhleathach a chothú.

Má chinneann na comhpháirtithe go bhfuil cigireacht trasteorann ar an mbealach is éifeachtúla chun aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid shoghluaisteacht an lucht saothair, is gá dóibh a shonrú an bhfuil an chigireacht de chineál ginearálta nó an bhfuil sé i gceist léi spriocdhírú ar shaincheist shonrach agus is gá dóibh an cineál is iomchuí cigireachta comhbheartaithe nó cigireachta comhpháirtí a chinneadh agus na hullmhúcháin seo a leanas a dhéanamh:

- ✔ Ní theastaíonn ó chigireachtaí comhbheartaithe tuiscint iomlán ar na cumhachtaí imscrúdaitheacha atá ag an eagraíocht chomhpháirtíochta ar an láthair. Teastaíonn uathu, áfach, tuiscint mhaith ar an dlí is infheidhme sna tíortha comhpháirtíochta lena mbaineann, ar na doiciméid a theastaíonn mar fhianaise, ar na teicnící imscrúdaitheacha is iomchuí agus ar an gcúnamh seachtrach is iomchuí (ó phóilíní, ó chomhpháirtithe sóisialta, etc.). Ós rud é gur féidir go mbeidh cuairteanna ar an láthair (ó na húdaráis forfheidhmiúcháin i ngach tír) ag teastáil go fóill le haghaidh cigireachtaí comhbheartaithe, ba cheart don dá Bhallstát teacht ar chomhaontú maidir leis na ceisteanna a chuirfear le linn agallamh agus maidir leis an gcineál fianaise a bheidh ag teastáil.
- ✔ Cigireachtaí comhpháirteacha ag láthair cuideachta amháin nó níos mó i dtír amháin: i gcás an chineáil ghníomhaíochta seo, tá gá ann

le seisiúin faisnéise idir na foirme agus na ceannairí foirme agus gach údarás rannpháirteach maidir leis na cúraimí atá le cur i gcrích le linn na cigireachta.

- ✔ Cigireachtaí comhpháirteacha ag láthair amháin nó níos mó in dhá Bhallstát nó níos mó. Chun líonraí casta calaoiseacha a oibríonn ar fud an Aontais Eorpaigh/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch a ionchúiseamh, tá gá ann le bearta breise, amhail cruinnithe comhordúcháin agus bailiú sonraí ó roinnt foinsí éagsúla.

Is féidir le gníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin AE amhail EUROJUST agus EUROPOL cabhair a thabhairt freisin. I gcásanna an-chasta a bhaineann le mí-úsáid shoghluaisteacht an lucht saothair, moltar gníomhaíochtaí agus torthaí a chomhroinnt le Ballstáit eile.

2.5.2 Uainiú iomchuí a roghnú

Ní mór cigireachtaí trasteorann a uainiú go cúramach, rud a bhíonn ag brath freisin ar cé acu is cigireachtaí réamhghníomhacha nó cigireachtaí frithghníomhacha iad:

- ✔ Is féidir cuairteanna réamhghníomhacha a chur i gcrích mar chuairteanna tráthrialta (cigireachtaí coiscitheacha), mar chuairteanna leantacha chun comhlíonadh a sheiceáil nó mar chuid de chur chuige straitéiseach chun spriocdhírú ar chuideachtaí nó earnálacha lena mbaineann riosca sainaitheanta.
- ✔ Is iondúil go gcuirtear cuairteanna frithghníomhacha i gcrích tar éis d'oibríthe, ceardchumainn, eagraíochtaí neamhrialtasacha nó fostóirí timpiste nó gearán a chlárú, tar éis iarraidh IMI a fháil ó Bhallstát eile nó de bhun saincheist a bheith á plé sna meáin.

Is féidir leis an dá chineál cigireachta a bheith fógartha nó neamhfhógartha, i gcomhréir leis an gcleachtas náisiúnta. Dá bhrí sin, bíonn uainiú aon chigireachta trasteorann ag brath ar na tosca sin, mar aon le saintréithe atá sonrach don earnáil.

Is féidir le cigireachtaí comhbheartaithe éifeacht níos láidre a bheith acu nuair a dhéantar go comhuaineach iad i ngach Ballstát. Gabhann éifeacht iontais leis sin, a fhágann gur féidir go bhfaighfear tuilleadh fianaise.

2.5.3 Seisiún faisnéise

Ba cheart seisiún faisnéise a sheoladh roimh chigireacht nó ina diaidh. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh gach aonad/duine lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, baill foirne ELA i láthair sa seisiún faisnéise roimh an gcigireacht go háirithe.

2.5.4 An malartú sonraí a chomhordú

Ba cheart do na comhlachtaí forfheidhmiúcháin a shonrú cén duine nó cé na daoine a bheidh freagrach as na sonraí ábhartha uile a mhalartú, lena n-áirítear, más ábhartha, aonad cigireachtaí ELA, agus ba cheart dóibh a shonrú cé na cainéil chumarsáide a úsáidfear. Ag brath ar an gcineál faisnéise atá i gceist, is féidir go mbeidh gá ann le sonraí a aistriú trí IMI nó trí chórais eile AE nó le húsáid a bhaint as cumarsáid chriptithe dhigiteach.

Na bunphrionsabail le haghaidh faisnéis a mhalartú

- ✓ Bain úsáid as IMI chun faisnéis a mhalartú, más féidir. Is modh slán é sin le haghaidh sonraí a chomhroinnt le roinnt Ballstát éagsúil. Mura féidir, bain úsáid as córais eile AE nó as cumarsáid chriptithe dhigiteach, más gá, ag brath ar an gcineál faisnéise atá i gceist.
- ✓ Is féidir tacaíocht theicniúil agus comhairle dlí a fháil ó ELA, ó EUROJUST, ó EUROPOL agus ó EUROFISC (e.g. is féidir le hOifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh EUROJUST comhairle a sholáthar maidir le ceanglais fhianaiseacha náisiúnta).
- ✓ Áirithigh gur criptithe agus faoi chosaint pasfhocail atá bunachair sonraí, ríomhairí, ríomhairí glúine agus fóin phóca.
- ✓ Bain úsáid as teimpléid choiteanna (arna gcur ar fáil ag ELA agus/nó ag údaráis náisiúnta) chun a áirithiú go gcloítear leis an reachtaíocht náisiúnta agus le rialacha náisiúnta cosanta sonraí.
- ✓ Bain úsáid as treoirínte: na treoirínte ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí agus na treoirínte cosanta sonraí d'úsáideoirí IMI.

Ba cheart an fhaisnéis/na doiciméid/an fhianaise (liosta neamh-uileghabhálach) is gá a bhailiú ón eintiteas/ó na heintitis a bhfuil cigireacht á déanamh air/orthu a shainaithint sa Phlean Cigireachta:

- ✓ Bileoga ama, duillíní pá,
- ✓ Conarthaí i scríbhinn,
- ✓ Ríomhphoist maidir leis an bpearsanra,
- ✓ Gach sonrasc a thagann isteach/a théann amach,
- ✓ Idirbhearta bainc,
- ✓ Deimhnithe A1,
- ✓ Faisnéis/doiciméid/fianaise eile.



Conas is féidir le ELA cabhair a thabhairt?

Trí chomhar agus malartú faisnéise a fheabhsú idir na Ballstáit thar an raon iomlán reachtaíochta maidir le soghluaisteacht an lucht saothair. Tá Oifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh ina bpointe teagmhála fisiciúil idir leibhéal an Aontais Eorpaigh, an riarachán náisiúnta/na riaracháin náisiúnta agus na húdaráis de chuid Ballstát eile, ag obair dóibh i gcomhar lena bpiaraí ó thíortha eile.

Trí thacaíocht a thabhairt le haghaidh teagmhálaithe ábhartha a shainaithint.

Trí úsáid uirlisí leictreonacha agus nósanna imeachta leictreonacha le haghaidh malartú teachtaireachtaí a chur chun cinn (amhail IMI, EESSI).

Trí úsáid cineálacha nuálacha cur chuige le haghaidh comhair a spreagadh agus trí úsáid sásraí leictreonacha malartaithe agus bunachar sonraí leictreonach a chur chun cinn.

2.5.5 Na bearta réamh-mheasta a shainaithint

Ba cheart do na húdaráis lena mbaineann sainaitheint a dhéanamh ar na bearta réamh-mheasta atá le déanamh ag an bhfoireann/ag na foirne le linn cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha:

- ✓ Cuairt a thabhairt ar an bpríomheintiteas a bhfuil cigireacht á déanamh air agus cloí leis na gnáthnósanna imeachta lena linn,
- ✓ An fostóir a chur faoi agallamh,
- ✓ Éisteacht leis na fostaithe,
- ✓ Cuairt a thabhairt ar oifig an chuntasóra agus cloí leis na gnáthnósanna imeachta lena linn,

- ✓ Cuardach a dhéanamh le haghaidh doiciméid ábhartha agus cóipeanna a dhéanamh díobh,
- ✓ Bearta eile.

2.5.6 An mhodheolaíocht agus tuilleadh treoracha a shainiú

Na fostaithe agus daoine eile lena mbaineann a chur faoi agallamh (gan a bheith teoranta do na nithe seo a leanas):

- ✓ An modh trínar cheart na fostaithe agus daoine eile lena mbaineann (fostóir, bainisteoir láithreáin, ionadaithe, etc.) a chur faoi agallamh, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, agus gan dochar d'inniúlachtaí agus cearta comhchoiteanna na gcomhpháirtithe sóisialta, i gcás inarb infheidhme, faoin dlí náisiúnta agus/nó faoin gcleachtas náisiúnta.
- ✓ An modh atá le húsáid chun a gcuid ceart agus oibleagáidí a mhíniú d'oibríthe agus chun a mhíniú dóibh conas is féidir leo tairbhí de chomhar.
- ✓ Ceistneoirí caighdeánaithe agallamh le haghaidh cineálacha difriúla agallaithe (oibríthe, saoi, bainisteoir, tiománaí, cliant, etc.). Is gá dea-eolas a bheith agat ar na ceistneoirí roimh an gcigireacht.
- ✓ An fhéidearthacht atá ann úsáid a bhaint as ateangairí (an dualgas cruthúnais agus cloí mar is ceart leis na ceanglais reachtacha lena linn) agus/nó as idirghabhálaithe cultúrtha (chun teagmháil idir cigirí agus daoine a chuirtear faoi agallamh a éascú, go háirithe nuair atáthar ag déileáil le náisiúnaigh thríú tír), más gá.
- ✓ Foirne measctha a úsáid (i.e. cigirí saothair, cigirí slándála sóisialta, cigirí cánach agus/nó póilíní, etc.).

Faisnéis a bhailiú (gan a bheith teoranta do na nithe seo a leanas):

- ✓ An fhaisnéis ar gá aird mhéadaithe a thabhairt uirthi, e.g. cad atá á dhéanamh ag daoine, cé hiad na daoine a bhfuil siad ag obair leo, etc.
- ✓ An modh le haghaidh faisnéis a thairfeadh. I gcás inarb iomchuí agus ina gceadófar amhlaidh leis an reachtaíocht náisiúnta, smaoinigh ar phictiúr/físeán a thógáil.

- ✓ Tabhair an-aird ar na doiciméid aitheantais arna gcur isteach chun a áirithiú go sainiúitear doiciméid bhréagacha.
- ✓ Scríobh síos mionsonraí faoi fheithiclí na cuideachta (cláruimhreacha, etc.).
- ✓ Sonraigh aon chineál speisialta fianaise ba cheart a bhailiú (e.g. fianaise físeáin, doiciméid bhunaidh).
- ✓ I gcás ina luafaidh fostaithe go bhfuil sochair shóisialta á bhfáil acu i mBallstát eile, déan teagmháil leis an mBallstát chun an méid sin a fhíorú.
- ✓ Má thagtar ar úinéir an eintitis a bhfuil cigireacht á déanamh air le linn na gcigireachtaí i mBallstát eile, bailigh faisnéis fhairsing maidir leis an úinéir.

Treoracha sábháilteachta (gan a bheith teoranta do na nithe seo a leanas):

- ✓ Baineann rithábacht i ngach cás le sábháilteacht na rannpháirtithe.
- ✓ Ba cheart seiceálacha a dhéanamh i mbeirteanna, ar a laghad, i ngach cás.
- ✓ Ba cheart do rannpháirtithe breathnú sa tsúil ar a chéile a mhéid is féidir.
- ✓ Níor cheart do rannpháirtithe comhghleacaí leo a choinneáil ina (h)aonar ar áitreabh cuideachta choíche. Nuair atáthar ag fágáil na láithreach a bhfuil cigireacht á déanamh uirthi, ní mór é sin a dhéanamh i gcomhairle leis an gcomhordaitheoir ginearálta i ngach cás.
- ✓ Cuir in iúl cén t-údarás cigireachta/institiúid a sholáthróidh an trealamh sábháilteachta.

Socruithe lóistíochta (gan a bheith teoranta do na nithe seo a leanas):

- ✓ Modh iompair chuig láthair na cigireachta.
- ✓ Na doiciméid aitheantais a bheidh ag gach aonad rannpháirteach.
- ✓ Na huirlisí atá le soláthar don fhoireann cigireachta: e.g. scanóirí iniompartha, méaróga cuimhne, ceamaraí grianghraif/físeáin, etc.

Treoracha breise nó aon bhearta eile (gan a bheith teoranta do na nithe seo a leanas):

- ☑ Má aimsítear doiciméid pháipéir, féadfar/ní mór iad sin a urghabháil, más infheidhme agus má cheadaítear le dlí, le haghaidh cóipeanna digiteacha a dhéanamh agus ní mór nóta admhála a eisiúint chuig an eintiteas a bhfuil cigireacht á déanamh air.
- ☑ Faisnéis a bhfuil sé tábhachtach í a fháil chun críocha tagartha amach anseo agus riarthóirí á gcur faoi agallamh (e.g. ainmneacha, seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha teileafón)
- ☑ I gcás ceisteanna dlí, bíonn foireann dlí ELA ar fáil [trí ríomhphost, ar an teileafón].

2.6 Cás a chur i gcrích

2.6.1 Na huirlisí atá ar fáil a úsáid le linn cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhphárteacha

Ní mór do na húdaráis chigireachta a ghlacann páirt i gcigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhphárteacha teacht ar chomhaontú ar an gcineál faisnéise agus ar na ceisteanna atá ceadaithe agus inghlactha, de réir an dlí, mar fhianaise sna tíortha rannphárteacha (le sonrú i roinn 4 den Phlean Cigireachta).



Tacaíocht teanga le linn cigireachtaí (Éire)

Úsáideann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre in Éirinn uirlisí éagsúla chun bacainní teanga a shárú le linn cigireachtaí comhphárteacha.

Is cigirí saothair teanga iasachta atá i thart ar 10% de bhaill foirme údarás cigireachta na hÉireann. Tá cigire teanga iasachta amháin ar a laghad ag gach oifig réigiúnach. Is as Oirthear na hEorpa do na cigirí uile sin toisc gur as Oirthear na hEorpa don chion is mó d'oibríthe eachtracha sa tír. Mar aon le Béarla, labhraíonn siad teanga amháin eile ar a laghad.

Tá na príomh-threoirí ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, agus iad foilsithe sa teanga a labhraíonn fostaíthe in earnálacha ardriosca. Tá uirlisí aistriúcháin ar líne leabaithe ar an

leathanach baile agus úsáideann cigirí aipeanna aistriúcháin ar a ngléasanna freisin. Úsáideann an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre bileoga faisnéise ilteangacha agus tá ceistneoirí ilteangacha á bhforbairt aige freisin.

Foinse: An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, Éire

Ina dhiaidh sin, is féidir go bhforbrófar uirlisí caighdeánaithe le haghaidh cigireachtaí trasteorann, amhail ceistneoirí dátheangacha nó ilteangacha, doiciméid chaighdeánacha faisnéise, agus comparáid idir cumhachtaí imscrúdaitheacha agus an bhunreachtáocht náisiúnta, etc. Is féidir na huirlisí sin a athúsáid agus a mhionchoigeartú, más gá, le linn cigireachtaí amach anseo, bunaithe ar eispéreas na cigireachta roimhe.

Is féidir ceistneoirí ilteangacha agus gléasanna leictreonacha a úsáid chun cabhrú le bacainní teanga a shárú. Is féidir go n-úsáidfear fóin agus táibléid freisin chun rochtain a fháil ar fhaisnéis amhail sonraí cuideachta i gclár shlándála sóisialta/chánach/ghnó, chun sonraí oibrí nó cuideachta ar leith a fhíorú nó chun cumarsáid a dhéanamh le hoibríthe ar an láthair, mar a léirítear sa sampla seo a leanas.











Ní mór ceistneoirí ilteangacha a bheith ag teacht leis an reachtáocht náisiúnta, lena n-áirítear rialacha cosanta sonraí. Le linn cigireachtaí comhphárteacha, féachann na cigirí teanga iasachta le hiontaoibh oibríthe a ghnóthú trína dteanga dhúchais a labhairt agus trí thuiscint a bheith acu ar a miondífriochtaí cultúrtha. Chomh maith leis sin, bíonn cigirí ar cuairt i riocht níos fearr chun fianaise a shainathint agus a bhailiú ar shárúithe ar reachtáocht na tíre baile agus chun tuairisc a thabhairt ar bhearta ceartaitheacha féideartha.



Ní bhíonn sé éasca i gcónaí an caidreamh idir oibríthe agus fostóirí a shainathint, toisc gur oibríthe sealadacha iad a lán oibríthe nó go n-earcaíonn páirtithe seachtracha iad. Trí chumarsáid a dhéanamh sa teanga iomchuí, is féidir cabhrú leis an bhfostóir ábhartha a shainathint.

Seicliosta cigireachta⁷

Tá an fhaisnéis atá le fíorú ag brath ar raon feidhme an imscrúdaithe (mar shampla, níl uaireanta oibre ábhartha do chuideachta chaoch). Tríd is tríd, tá an fhaisnéis a chuirtear i láthair i bhFíor 6 ábhartha do chigireacht trasteorann.

Fíor 6. Seicliosta cigireachta

	
Céannacht an fhostóra agus fhochonraitheoir/fhochonraithe oirí an fhostóra a shainnithint ina hiomláine	An cineál caidrimh chonarthaigh agus an stádas slándála sóisialta atá ag na hoibrithe
	
Struchtúr fostaithe (foireann/roinn), má tá sé ar fáil	Tuarastal, módúlachtaí íocaíochta agus/nó modh ríofa
	
An dáta beacht a síníodh an conradh agus/nó an dáta beacht a tosaíodh ag obair (is féidir nach ionann an dá dháta sin)	Bailíocht an chonartha fostaíochta (de réir mar is gá)
	
Íocaíochtaí breise agus fóirdheontais nó teidíochtaí a íoctar leis an oibrí ar an mbealach forordaithe (e.g. liúntais phostaithe)	Uaireanta oibre agus taifead laethúil oibrithe ar an láthair (bileoga ama), cúiteamh i leith ragoibre
	
I gcás tréimhse promhaidh, fad ama agus téarmaí luaithe na tréimhse promhaidh	Teideal poist agus/nó sonraíocht poist (catagóir ghairmiúil)

	
Cineál agus fad ama na saoire bliantúla (iosta, breise, fadaithe)	Foirmeacha A1 agus réamhdhearbhú le haghaidh oibrithe ar postú (más ann dóibh) nó cruthúnas go bhfuil an fostaí cláraithe i gcóras slándála sóisialta na tíre óstaí

2.6.2 Is féidir raon feidhme an cháis a leathnú trí shonraí a fhíorú

Tar éis cuairt ar an láthair, déantar seiceáil agus anailís ar an bhfaisnéis a bailíodh.

Tríd an bpróiseas sin, is féidir teacht ar shárúithe nó neamhrialtachtaí breise, amhail imghabháil cánach, sárúithe sláinte agus sábháilteachta, calaois leasa shóisialta, gáinneáil ar dhaoine, etc. Ba cheart na torthaí sin a chomhroinnt le húdarais náisiúnta nó eachtracha eile amhail na póilíní airgeadais, an lucht custaim, an oifig ionchúisimh nó údarais sábháilteachta agus sláinte ceirde, ar féidir leo a seiceálacha agus a n-imscrúduithe féin a dhéanamh ansin nó a chinneadh ansin cé acu a rachaidh nó nach rachaidh siad isteach sa chigireacht trasteorann.

Uaireanta, ní dóthanach a bhíonn na sonraí a bailíodh le linn cuairt aonair ar an láthair, a fhágann go bhfadaítear an chigireacht nó go ndéantar iarrataí ar fhaisnéis bhreise nó ar sheiceálacha breise i mBallstát eile (e.g. má bhaineann an cás le cuideachtaí caocha atá cláraithe ag roinnt láithreacha difriúla).⁸

I gcomhthéacs cigireachtaí agus chun críocha an doiciméid seo, ciallaíonn an téarma “neamhrialtacht” aon sárú nó aon sárú amhrasta ar dhlí an Aontais a shainnithnítear le linn cigireachta agus nach dtagann go díreach faoi raon feidhme na cigireachta.

⁷ An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (2017). Conducting Labour Inspections on Constructions: A guide for labour inspectors (“Cigireachtaí Saothair a Dhéanamh san Earnáil Foirgníochta: Treoir do chigirí saothair”). An Ghinéiv: An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, atá ar fáil ar líne ([nasc](#))
⁸ An tArdán Eorpach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe (2019), Páipéar acmhainne foghlama ón gceardlann athbheithnithe théamaigh

maidir le cigireachtaí comhbheartaithe trasteorann agus cigireachtaí comhpháirteacha trasteorann, Liospóin, an Phortaingéil, 28 Feabhra–1 Márta 2019



Conas is féidir le ELA cabhair a thabhairt?

Tríd an bhfaisnéis ábhartha ar fad a chur ar aghaidh chuig comhlachtaí eile nuair a thagann sárúithe nó neamhrialtachtaí faoina raon feidhme inniúlachta.

Trí chabhrú le tuarascáil a ullmhú má bhíonn fadhb ag an gcomhordaitheoir gníomhaíochta comhpháirtí codanna áirithe a líonadh isteach, trína mhíniú conas príomhtháscaráil feidhmíochta a thomhas, etc.

I gcás inarb amhlaidh, le linn cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach nó le linn dó aon cheann dá chuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích, go dtiocfaidh an tÚdarás ar an eolas faoi neamhrialtachtaí amhrasta i ndlí an Aontais, is féidir go dtuairisceoidh sé na neamhrialtachtaí amhrasta sin do na Ballstáit lena mbaineann agus don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí.

2.6.3 Sonraí a bailíodh a úsáid mar fhianaise

Is féidir le cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a bheith ina mbeart éifeachtach in aghaidh scéimeanna casta calaíse, toisc go gcomhcheanglaítear leo na hacmhainní, an fhaisnéis agus an t-eolas atá ag roinnt comhlachtaí forfheidhmiúcháin. Dá ainneoin sin, bíonn sé dúshlánach comhar a éascú idir comhlachtaí forfheidhmiúcháin mar gheall ar na creataí dlíthiúla neamh-chomhoiriúnacha atá ann idir na Ballstáit agus mar gheall ar shaincheisteanna comhroinnte sonraí (chun tuilleadh mionsonraí a fháil, féach [larscríbhinn 4](#)).

A luaithe a shoiléireofar na fíorais, féadfar fianaise a úsáid i nósanna imeachta riaracháin nó coiriúla i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta. Ní fhéadfar na sonraí a bailíodh le linn cigireachta a úsáid mar fhianaise nó mar chruthúnas ar shárú i ngach cás, áfach. Dá bhrí sin, ba cheart do chomhlachtaí forfheidhmiúcháin breithniú a dhéanamh ar an bhfianaise a theastaíonn ó ionchúisitheoir nó ó údarás riaracháin chun gur féidir leo dul ar aghaidh, a mhéid a bhaineann le tuarascálacha mionsonraithe agus fianaise mhionsonraithe. Chun an méid sin a dhéanamh, ní mór reachtaíocht náisiúnta na mBallstát uile lena mbaineann a bheith ag teacht lena chéile maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh faisnéis a bhailiú

agus maidir le hábharthacht na faisnéise sin mar fhianaise sa chúirt.

Tá an cur chuige dlí choiriúil ábhartha do chásanna mórscaála casta, a bhfuil cineálacha difriúla sárúithe i gceist leo. I gcásanna den sórt sin, is fiú obair i gcomhar leis na póilíní, le EUROPOL agus le EUROJUST (mar a leagtar amach i gCéim 2 den chéim pleanála thuas) chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh nó chun cinneadh a dhéanamh ar imscrúdú breise.

An toradh a bhíonn ar nósanna imeachta riaracháin nó coiriúla is ea pionóis airgeadais a fhorchur, tairiscintí poiblí a tharraingt siar, pá neamhíochta agus ranníocaíochtaí neamhíochta slándála sóisialta a aisghabháil agus sochair chalaíseacha a tharraingt siar. Ag brath ar dhéine an cháis, is féidir go gcinfidh na húdaráis ábhartha pionós sealadach dúnta gnó a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar chuideachta dócmhainneacht a dhearbhu chun gur féidir léi freagracht a sheachaint.



Tábhachtach

Ar mhaithe le forbreathnú a ullmhú ar chleachtas náisiúnta, bhailigh ELA sonraí faoin ról atá ag cigirí agus faoina coinníollacha le haghaidh úsáid a bhaint as fianaise a bailíodh le linn cigireachtaí trasteorann. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach [larscríbhinn 4](#).

2.7 Comhlánaíonn an comhordaitheoir gníomhaíochta comhpháirtí an tuarascáil leantach

Ní bheidh cigireacht críochnaithe go dtí go mbeidh an Tuarascáil larchigireachta ([larscríbhinn 3](#)) comhlánaithe ag an gcomhordaitheoir cigireachta comhpháirtí. Maidir le húdarás Ballstáit a dhéanann cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach, tabharfaidh sé tuairisc don Údarás ar thoradh na cigireachta sa Bhallstát sin agus ar reáchtáil oibríochtúil fhoriomlán na cigireachta comhbheartaithe nó na cigireachta comhpháirtí laistigh de shé mhí ó dheireadh na cigireachta.

2.7.1 Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thorthaí cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha

Déantar meastóireacht ar chigireachtaí trasteorann chun a sheiceáil cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh iontu na spriocanna réamhshocraithe

cigireachta agus chun sainaitheint a dhéanamh ar aon tionchar gan choinne a tháinig as an ngníomhaíocht.

Chun gur féidir leis na comhlachtaí freagracha faisnéis a bhailiú ar bhonn leanúnach ar dhul chun cinn ar na cuspóirí a bhaint amach agus chun tuairisciú i gcomhréir le Rialachán ELA, forbraíodh tacar spriochtáscairí cainníochtúla agus cáilíochtúla agus luaitear sa Tuarascáil larchigireachta iad.

Is ar staidreamh a dhírítear sa ghné chainníochtúil agus áirítear léi sonraí struchtúrtha (uimhriúla) is féidir a chur isteach i scarbhileog agus a anailísiú trí mhodhanna staidrimh a úsáid.

Is gné thaiscéalaíoch í an ghné cháilíochtúil, ina ndírítear ar léargas a ghnóthú agus ina gcumhdaítear faisnéis neamhstruchtúrtha a achoimrítear agus a léirmhíneáir ar bhealach suibíachtúil, seachas ar bhealach matamaiticiúil.

Mar a luaitear thuas, ceanglaítear ar an gcomhordaitheoir gníomhaíochta comhpháirtí an Tuarascáil larchigireachta a chomhlánú, rud ina ndéanfar meastóireacht chainníochtúil agus cháilíochtúil ar na príomhtháscairí feidhmíochta freisin.

2.8 Sainaitheint na Ballstáit agus ELA bearnaí agus gníomhaíochtaí féideartha amach anseo

Bunaithe ar na príomhtháscairí feidhmíochta a ndearnadh meastóireacht orthu sa Tuarascáil larchigireachta, sainaitheint na Ballstáit agus ELA bearnaí agus gníomhaíochtaí féideartha amach anseo – déanann siad machnamh criticiúil agus féachann siad ar an dóigh a bhféadfaí próisis a fheabhsú le haghaidh cigireachtaí amach anseo.

Tá níos mó i gceist le meastóireacht éifeachtach ná sonraí a bhailiú, a anailísiú agus a sholáthar. Cumasaítear léi faisnéis a bhailiú agus a úsáid, foghlaim go leanúnach, leas a bhaint as an eispéireas chun uirlisí agus nósanna imeachta a fheabhsú, agus feabhas a chur ar a éifeachtúla atá cigireachtaí.

2.9 Tugann na Ballstáit agus ELA an cás chun críche agus pleanáil siad obair leantach fhéideartha

Tugann na Ballstáit agus ELA an cás chun críche agus pleanáil siad obair leantach fhéideartha - bunaithe ar na torthaí, sainaitheint siad an

riachtanas atá ann le hobair leantach a dhéanamh i leith cigireachtaí. Má tá comhordú agus tacaíocht ó ELA ag teastáil le haghaidh cigireacht leantach, ba cheart comhaontú nua a shíniú.

2.9.1 Na príomhthorthaí a chur in iúl

Mar aon le cumarsáid a dhéanamh leis na comhlachtaí forfheidhmiúcháin a leagtar amach sa chéim pleanála, is féidir an tionchar atá ag cigireachtaí trasteorann a uasmhéadú trí chumarsáid inmheánach agus cumarsáid sheachtrach a dhéanamh freisin:

- Is féidir cumarsáid sheachtrach a dhéanamh** chun údarais eile, lena n-áirítear iad sin i mBallstáit eile, a chur ar an eolas ar mhaithe leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:
 - An cás, agus na tairbhí a ghabhann le torthaí an cháis, a leathnú,
 - Cur leis an tuiscint atá ann ar chásanna casta atá ar bun i roinnt tíortha,
 - Feabhas a chur ar bhearta trí scéimeanna calaoise den chineál céanna a chomhrac nó a chosc agus trí na ceachtanna a foghlaimíodh a chomhroinnt.
- Is féidir cumarsáid inmheánach a dhéanamh** chun torthaí agus na ceachtanna a foghlaimíodh a chomhroinnt le comhghleacaithe agus chun cultúr oibre trasteorann a spreagadh.

Is féidir an tionchar atá ag cigireacht a mhéadú freisin trí thorthaí a chomhroinnt go forleathan leis an bpobal. Cuirtear i láthair sa téacsbhosca samplaí de na modhanna a úsáideann údarais saothair chun na torthaí agus na ceachtanna a foghlaimíodh ó chigireachtaí roimhe a chomhroinnt ar mhaithe le feabhas a chur ar a gcuid oibre amach anseo.

Modhanna le haghaidh faisnéis a chomhroinnt:

- Preaseisiúintí,
- Na meáin shóisialta,
- Bileoga faisnéise,
- Ceardlanna le haghaidh eispéiris a chomhroinnt,
- Ardáin agus fóraim choiteanna foghlama ar líne,
- An fhéidearthacht atá ann bunachar sonraí ar fud an Aontais Eorpaigh a chruthú, rud ina mbeadh achoimrí ar chásanna cigireachta.



Conas is féidir le ELA cabhair a thabhairt?

Trí mhalartú agus scaipeadh taithí agus dea-chleachtas a chur chun cinn, lena n-áirítear samplaí de chomhar idir na húdaráis náisiúnta ábhartha.

Trí ardáin agus fóraim choiteanna foghlama (ar líne) a eagrú.

Trí bhunachar sonraí eolais a chothabháil, rud ina bhfuil na príomhthorthaí agus na príomhcheachtanna a foghlaimíodh ó na cigireachtaí trasteorann uile.



Samplaí de chumarsáid leantach

Comhroinnt faisnéise

Déanann údaráis na Gréige agus na Beilge torthaí ó chigireachtaí comhpháirteacha a scaipeadh ar gheallsealbhóirí, lena n-áirítear riaracháin an údaráis chigireachta saothair agus na hinstiúidí, na comhlachais ghnó agus na ceardchumainn a oibríonn i gcomhar leo. Laistigh de chreat Benelux, d'fhorbair an Ísiltír agus an Bheilg ceangail láidre idirphearsanta, a éascaíonn comhroinnt thráthrialta torthaí, ar mhaithe le cosc agus le measúnú riosca. Comhroinneann siad torthaí cigireachtaí i bpreaseisiúintí freisin chun cabhrú le hobair neamhdhearbhaithe amach anseo a chosc.

Bileoga faisnéisithe agus idirchaidrimh a úsáid

Sa Fhrainc, eagraítear seisiún faisnéise tar éis gach cigireachta comhpháirtí, agus úsáid á baint as malartú faisnéise agus as bileoga idirchaidrimh.

Na sonraí cigireachta a iontráil i gcóras ar líne

Sa Spáinn, déanann na cigirí lena mbaineann faisnéis faoi chigireachtaí comhpháirteacha a chlárú i gcóras INTEGRA (bunachar sonraí na Cigireachta Saothair agus Slándála Sóisialta). Scaiptear na torthaí ar na húdaráis chigireachta saothair.

Foinse: Suirbhé i measc comhaltai Ardáin, Feabhra 2019. Cur i láthair ag an gceardlann athbhreithnithe théamaigh a tionóladh sa Phortaingéil idir an 28 Feabhra 2019 agus an 1 Márta 2019; an tArdán Eorpach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe. Cuiart leantach ar chigireachtaí comhbheartaithe trasteorann agus cigireachtaí comhpháirteacha trasteorann, an Háig, an Ísiltír, an 3 Iúil 2019.

2.9.2 Foghlaim a spreagadh

Is féidir torthaí cigireachta a úsáid chun léargas a ghnóthú ar scéimeanna calaoise atá ag teacht chun cinn agus chun córais mheasúnaithe riosca a mhionchoigeartú trí bhratacha dearga nó táscairí riosca a chruthú agus trí aird a tharraingt ar fhaisnéis úsáideach atá le bailiú le linn cigireachtaí trasteorann amach anseo.

Is féidir na torthaí a úsáid freisin chun oiliúint agus lámhleabhair a athbhreithniú, chun dea-chleachtas a fhorbairt le haghaidh scéalta ratha a chomhroinnt agus chun feabhas a chur ar theimpléid (comhaontuithe, tuarascálacha, ceistneoirí ar an láthair).



Conas is féidir le ELA cabhair a thabhairt?

Trí ghníomhaíochtaí foghlama agus oiliúna frithpháirtí a sholáthar atá saincheaptha do na baill foime de chuid údaráis náisiúnta chigireachta a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí trasteorann chun treisiú leis an gcumas atá ag údaráis náisiúnta i leith shoghluaisteacht an lucht saothair agus i leith comhordú slándála sóisialta agus chun feabhas a chur ar chomhsheasmhacht i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais.

Trí fhorbairt a dhéanamh ar chlár oiliúna earnála agus trasearnála, lena n-áirítear clár oiliúna do chomhlachtaí forfheidhmiúcháin, agus ar ábhar oiliúna tiomnaithe, lena n-áirítear trí mhodhanna foghlama ar líne.

Trí threoirínte, teimpléid (comhaontuithe, tuarascálacha, ceistneoirí ar an láthair) a thabhairt cothrom le dáta de réir thaithí is fearr na cigireachta.

2.9.3 Saincheistanna amach anseo a chosc, a mhéid a bhaineann le mí-úsáid shoghluaisteacht an lucht saothair

I gcás ina nochtar i gcigireachtaí trasteorann fadhbanna forleathana sa mhargadh saothair, is féidir torthaí cigireachta a úsáid freisin chun feachtais mhúscaillte feasachta nó feachtais mhúscaillte feasachta ar fud an Aontais Eorpaigh a fhorbairt chun dul i ngleic leo. Áirítear leo sin feachtais a bhfuil mar aidhm leo daoine aonair agus fostóirí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, a chur ar

an eolas faoina gcuid ceart agus oibleagáidí agus faoi na deiseanna atá ar fáil dóibh.


Uirlis éifeachtach eile is ea measúnú riosca agus anailís riosca a dhéanamh ar shoghluaisteacht an lucht saothair agus ar chomhordú slándála sóisialta ar fud an Aontais. Déanann ELA measúnú ar riosca i gcomhar leis na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, leis na comhpháirtithe sóisialta. Sa mheasúnú riosca agus san obair anailíseach, tugtar aghaidh ar thopaicí amhail míchothromaíochtaí sa mhargadh saothair, dúshláin atá sonracha don earráil agus fadhbanna athfhillteacha; is féidir go ndéanfaidh ELA anailísí dírithe doimhne agus staidéir dhírithe dhoimhne chun saincheisteanna sonracha a imscrúdú freisin. Le linn dó measúnú riosca agus obair anailíseach a dhéanamh, ní mór do ELA, a mhéid is féidir, na sonraí staidrimh ábhartha reatha atá ar fáil ó shuirbhéanna atá ann cheana a úsáid agus ní mór dó comhlántacht a áirithiú le gníomhaireachtaí nó seirbhísí eile de chuid an Aontais agus le húdaráis, gníomhaireachtaí nó seirbhísí náisiúnta, agus leas a bhaint as an saineolas atá acu, i dtaca le calaois, dúshaothrú, idirdhealú, réamhaisnéisiú scileanna agus sláinte agus sábháilteacht ag an obair.

3. Treoir sreafa oibre do ELA maidir le cigireachtaí combheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a thionscnamh

De réir Airteagal 8(1) de Rialachán ELA, féadfaidh an tÚdarás a mholadh ar a thionscnamh féin d'údarás na mBallstát lena mbaineann go ndéanfadh siad cigireacht chombheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach. Sa treoir sreafa oibre do ELA (féach Fíor 7), sainítear agus leagtar amach céimeanna praiticiúla maidir le conas tionscnamh cigireachtaí combheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha

a mholadh do na Ballstáit lena mbaineann. Tugtar sa chuid seo de na treoirlínte miontuairisc ar chéim 1 go céim 5, toisc gurb ionann na gníomhaíochtaí eile, a bhfuil síniú an Chomhaontaithe Eiseamláirigh ar an gcéad cheann díobh, agus na gníomhaíochtaí a thuairiscítear i roinn 2.

Fíor 7. Treoir sreafa oibre do ELA maidir le cigireachtaí combheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha a thionscnamh



*Tá uimhriú na gcéimeanna aonair sa treoir sreafa oibre ag teacht leis an tuairisc mhionsonraithe a thugtar i ranna eile den doiciméad seo. Sonraítear céim 3.1 go céim 3.4 tuilleadh i gCaibidil 2. Sonraítear céim 2.5 go céim 2.9 tuilleadh i gCaibidil 3, toisc gurb ionann iad i ngach cas, is cuma cé acu a thionscain Ballstát an chigireacht nó a thionscain ELA í.

Nótaí Miniúcháin



3.1 Bailíonn ELA faisnéis ó ghearáin agus óna chuid anailísí agus measúnuithe riosca féin

Ba cheart cigireacht a thionscnamh mar thoradh ar ghearáin thromchúiseacha, ar shaincheisteanna athfhillteacha trasteorann nó ar thorthaí measúnaithe riosca (Fíor 8).

Trí mheasúnú riosca a dhéanamh, is féidir cásanna a bhaineann le saincheisteanna shoghluaisteacht an lucht saothair a shainithint agus a anailísiú agus meastóireacht a dhéanamh orthu ar bhealach níos éifeachtúla. Is féidir rioscaí a chatagóiriú de réir earnálacha eacnamaíocha sonracha (e.g. talmhaíocht, iompar, foirgníocht, HoReCa), de réir cineálacha cuideachtaí (e.g. cuideachtaí caocha, gníomhaireachtaí oibre sealadaí) nó de réir grúpaí oibríthe (e.g. oibríthe ar postú, earcaitheoirí, oibríthe trasteorann, cónaitheoirí fadtéarmacha).

Ag gníomhú dó i gcomhar le hOifig Náisiúnta Idirchaidrimh na mBallstát lena mbaineann, bailíonn ELA an fhaisnéis ar fad atá ar fáil agus, ar bhonn an teimpléid le haghaidh Tuairisc ar an gcás ([larscríbhinn 1](#)), ullmhaíonn sé doiciméad inmheánach ina n-achóimrítear an fhaisnéis thábhachtach ar fad a fuarthas.

Fíor 8. Córas measúnaithe riosca le haghaidh dul i ngleic le saincheisteanna shoghluaisteacht an lucht saothair



Ionchuir (foinsí faisnéise)

Is féidir le ELA faisnéis a fháil ó ghearáin oibríthe, ó Thuarascálacha Iarchigireachta, ó na sonraí staidrimh ábhartha reatha atá ar fáil ó shuirbhéanna atá ann cheana, ó ghníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, ó fhorléargais agus ó staidreamh ó mheithleacha ELA (e.g. an tArdán Eorpach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe).



Sainithint riosca

Liostaíonn ELA na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann



Anailís riosca

Tar éis do ELA sainithint a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith roimhe, measann sé an dóchúlacht go dtarlóidh gach riosca sainaitheanta agus an tionchar a bheidh acu



Meastóireacht riosca

Sainíonn ELA a thromchúisiú atá an riosca i gcomparáid le rioscaí eile

Sainithníonn ELA na geallsealbhóirí ábhartha

Mar gheall ar an gcastacht mhéadaitheach a bhaineann le mí-úsáid shoghluaisteacht an lucht saothair, tá gá ann le cigireachtaí trasteorann níos casta a dhéanamh in dhá Bhallstát nó níos mó.

Fágann sé sin gurféidir cásanna a imscrúdú feadh an tslabhra soláthair ar fad, lena n-áirítear na hoibríochtaí de chuid roinnt cuideachtaí/fochonraitheoirí atá lonnaithe i dtíortha difriúla. Teastaíonn ó chigireachtaí tuiscint mhaith ar an dlí sna tíortha comhpháirtíochta lena mbaineann, ar na doiciméid a theastaíonn mar fhianaise, ar na teicnící imscrúdaitheacha is iomchuí agus ar an gcúnamh seachtrach is iomchuí (ó phóilíní, ó chomhpháirtithe sóisialta, etc.). I gcásanna casta áirithe, mar sin, is gá ról a thabhairt do gheallsealbhóirí eile - Ballstáit eile, comhlachtaí náisiúnta nó idimáisiúnta (amhail EU-OSHA, EUROPOL, EUROJUST), lena n-áirítear, más ábhartha, comhpháirtithe sóisialta. Sainithneoidh ELA na geallsealbhóirí sin agus sonrúidh sé cén fáth ar cheart dóibh ról a bheith acu agus cé na gníomhaíochtaí ba cheart dóibh a dhéanamh.

Nuair a dhéantar cigireacht i gcomhar le geallsealbhóirí eile, tá sé riachtanach go mbeadh ról ag na geallsealbhóirí uile sa phróiseas pleanála. Ní mór cuspóirí na cigireachta, ról gach geallsealbhora, na modheolaíochtaí a úsáidfeadh, an duine/na daoine a stiúrfaidh an obair agus an bealach ina ndéanfar an fhaisnéis a chomhroinnt agus a thuairisciú a bheith soiléir do gach geallsealbhóir.

Is féidir le póilíní agus ionchúisitheoirí tacú le cigireachtaí trasteorann in earnálacha ardriosca nó i gcásanna casta calaoise agus dúshaothraithe saothair trí áiteanna oibre a dhúnadh, trí úsáid a bhaint as teicnící malartacha imscrúdúcháin (e.g.

cúléisteacht teileafóin/cuardach tí) agus trí shábháilteacht cigirí a ráthú.

Is féidir le comhpháirtithe sóisialta (comhlachais fostóirí agus ceardchumann) cabhrú le haoid a tharraingt ar neamhrialtachtaí i ndlí an tsaothair nó ar scéimeanna calaoise trí anailís a dhéanamh ar an margadh saothair agus trí fhaisnéis áitiúil a bhailiú faoi dhálaí oibre agus faoi fhochoonraitheoirí. I dtíortha áirithe, mar shampla, seiceálann comhpháirtithe sóisialta comhlíonadh comhaontuithe comhchoiteanna; ar fhaisnéis í is féidir a úsáid chun anailís riosca nó gníomhaíochtaí cigireachta a chomhlánú. Is féidir le comhpháirtithe sóisialta cabhrú le cigireachtaí trasteorann a ullmhú freisin, a bhfuil leis an saeolas atá acu ar chaighdeán saothair, sláinte agus sábháilteachta a mheasúnú. Faoi mar a tharlaíonn i gcás cigireachtaí náisiúnta, is féidir le comhpháirtithe sóisialta páirt a ghlacadh i gcigireachtaí trasteorann chun tacú le cigirí freisin, a bhfuil leis an eolas atá acu ar an earnáil agus ar shaincheistanna sonracha shoghluasteacht an lucht saothair. Amháil i gcás an stádas atá ag cigirí eachtracha, áfach, is féidir go dtiocfaidh bacainní dlí chun cinn maidir leis an stádas atá ag ionadaí comhpháirtí sóisialta. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach na samplaí de chomhar le comhpháirtithe.⁹

3.2 Cuireann ELA an measúnú i gcrích agus cuireann sé an cás ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Feidhmiúcháin

Bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, déanann ELA measúnú ar ábharthacht an cháis. Tá an measúnú ar an gcás bunaithe ar thacar critéar comhaontaithe.

Is ionann na critéir a úsáideann ELA chun an cás a mheasúnú agus iad sin a leagtar amach i bpointe 2.4 de na treoirí seo. Tar éis do ELA an chéim measúnaithe a chur i gcrích, cuirtear an cás faoi bhráid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin.

3.3 Déanann Stiúrthóir Feidhmiúcháin ELA cinneadh foirmiúil ar cé acu ba cheart nó nár cheart an cás a mholadh d'údaráis na mBallstát lena mbaineann

Bunaithe ar an gcéim measúnaithe agus meastóireachta ar an gcás de réir na gcritéar a shainítear thuas, déanann Stiúrthóir Feidhmiúcháin ELA cinneadh ar cé acu ba cheart nó nár cheart an cás a mholadh d'údaráis na mBallstát lena mbaineann.

Beidh cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha faoi réir chomhaontú na mBallstát lena mbaineann.

3.4 Trí na hOifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh, seolann ELA chuig na Ballstáit sonraí cáis agus moladh á rá gur cheart cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach a dhéanamh

Trí na hOifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh, seolann ELA chuig na Ballstáit sonraí cáis (litir ina dtugtar an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil, mar a thuairiscítear sa teimpléad le haghaidh Tuairisc ar an gcás) agus moladh á rá gur cheart cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach a dhéanamh.

Is féidir le dhá thoradh teacht as sin:

- ☑ Comhaontaíonn na Ballstáit lena mbaineann páirt a ghlacadh sa chigireacht agus síníonn sé Comhaontú Eiseamláireach le ELA.
- ☑ Ní chomhaontaíonn na Ballstáit lena mbaineann páirt a ghlacadh sa chigireacht.

I gcás ina gcinneann Ballstát amháin nó níos mó gan páirt a ghlacadh i gcigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach, is sna Ballstáit rannpháirteacha amháin a dhéanfaidh údaráis náisiúnta na mBallstát eile cigireacht den sórt sin. I gcás na mBallstát a chinneann gan páirt a ghlacadh sa chigireacht, coinneoidh siad faisnéis faoin gcigireacht sin faoi rún.

⁹ Foinse: An tArdán Eorpach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe. Ceardlann athbhreithnithe théamaigh maidir le

cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha, Liospóin, an Phortaingéil, 28 Feabhra–1 Márta 2019.

De réir Airteagal 8(4) de Rialachán ELA, déanfaidh an tÚdarás na modúlachtaí a chur ar bun agus a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach iomchuí i gcás ina gcinnfidh Ballstát gan páirt a ghlacadh i gcigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach. I gcás den sórt sin:


- ☑ Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann an tÚdarás agus na Ballstáit eile lena mbaineann a chur ar an eolas i scríbhinn, lena n-áirítear trí bhealaí leictreonacha, agus gan moill mhíchuí faoi na cúiseanna atá leis an gcinneadh uaidh agus faoi na bearta a bhfuil sé i gceist aige iad a dhéanamh chun an cás a réiteach (agus gníomhaíochtaí nithiúla agus an tréimhse atá i gceist á sonrú aige), más ann dóibh.
- ☑ A luaithe a bheidh siad ar eolas aige, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an tÚdarás agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi thorthaí na mbeart a rinne sé.
- ☑ Féadfaidh an tÚdarás a mholadh gur cheart do Bhallstát nár ghlac páirt i gcigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach a chigireacht féin a dhéanamh ar bhonn deonach.

4. Treoir sreafa oibre d'eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta ar an leibhéal náisiúnta maidir le haird ELA a tharraingt ar chásanna

De réir Airteagal 8(1) de Rialachán ELA, féadfaidh eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta ar an leibhéal náisiúnta aird an Údaráis a tharraingt ar chásanna. Sa treoir sreafa oibre d'eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta

(féach Fíor 9), sainítear agus leagtar amach céimeanna praiticiúla maidir le conas aird ELA a tharraingt ar chásanna agus maidir le conas na cásanna sin a mheasúnú.

Fíor 9. Treoir sreafa oibre d'eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta ar an leibhéal náisiúnta maidir le haird ELA a tharraingt ar chásanna



* Tá uimhriú na gcéimeanna aonair sa treoir sreafa oibre ag teacht leis an tuairisc mhionsonraithe thíos.

Nótaí Míniúcháin



4.1 Bailíonn na comhpháirtithe sóisialta sonraí atá ábhartha don chás, ina sonraítear na hiarrachtaí a rinneadh cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar an gcás i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta ábhartha

Is féidir le heagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta ar an leibhéal náisiúnta (comhlachais fostóirí agus ceardchumann) cur in aghaidh saincheistanna féideartha a bhaineann le soghluaisteacht an lucht saothair trí aird ELA a tharraingt ar chás mar thoradh ar ghearáin thromchúiseacha, ar shaincheistanna athfhillteacha trasteorann nó ar thorthaí measúnaithe riosca.

Bailíonn eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta sonraí atá ábhartha don chás, ina sonraítear na hiarrachtaí a rinneadh cheana féin, agus soláthraíonn siad do ELA faisnéis agus taití a bhaineann le saincheistanna shoghluaisteacht an lucht saothair.

Is féidir le heagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta cabhrú le haird a tharraingt ar neamhrialtachtaí i ndlí an tsaothair nó ar scéimeanna calaoise trí anailís a dhéanamh ar an margadh saothair agus trí fhaisnéis áitiúil a bhailiú faoi dhálaí oibre agus faoi fhochoonraitheoirí. I dtíortha áirithe, mar shampla, seiceálann comhpháirtithe sóisialta comhlíonadh comhaontuithe comhchoiteanna; ar faisnéis í is féidir a úsáid chun anailís riosca nó gníomhaíochtaí cigireachta a chomhlánú.

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar na nithe seo a leanas sa chás:

- ✓ Neamhchomhlíonadh na rialacha Eorpacha agus náisiúnta is infheidhme maidir le saorghluaiseacht oibríthe, agus/nó
- ✓ Neamhchomhlíonadh na rialacha Eorpacha agus náisiúnta is infheidhme maidir le saorghluaiseacht seirbhísí (oibríthe a phostú).



Samplaí de gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta

Tá **tionscnaimh chomhpháirteacha**, lena gcuirtear leis na socruithe margála atá ann cheana, ar na gníomhaíochtaí is coitianta. Sa Danmhairg, san Ísiltír agus san Iodáil, chomhaontaigh na comhpháirtithe sóisialta go comhpháirteach lena chéile córais a bhunú le haghaidh faireachán a dhéanamh ar chur i

bhfeidhm comhaontuithe comhchoiteanna (san earnáil gníomhaireachtaí oibre sealadaí nó sa talmhaíocht).

I roinnt tíortha (mar shampla, an tSlóivéin agus an Ísiltír), tá **comhar ann idir ceardchumann agus údaráis chigireachta saothair**.

Bhunaigh roinnt ceardchumann **córais le haghaidh gearáin a láimhseáil** (go háirithe gearáin ó oibríthe imirceacha) agus/nó córais le haghaidh faireachán a dhéanamh ar iompraíocht mhí-úsáideach fostóirí in earnálacha ardriosca. Áirítear leis na ceardchumann sin Comhlachas na Saor-Cheardchumann (ZSSS) sa tSlóivéin, Cónaidhm Saothair na Cipire (PEO) agus Cónaidhm Ceardchumann na hIodáile (CISL). San Ísiltír, bhunaigh cleamhnaithe de chuid Chónaidhm Ceardchumann na hÍsiltíre (FNV) deasca gearán chun tuairisc a thabhairt ar chleachtas neamhdhleathacha. Is féidir go mbainfidh na gearáin sin le sárúithe ar chomhaontuithe comhchoiteanna agus le gníomhaíochtaí aindleathacha eile, mar aon le líomhaintí gáinneála.

Cineálacha eile de rannpháirtíocht eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta is ea feachtais faisnéise agus **feachtais mhúscaillte feasachta**, amhail an feachtas sin atá ar bun ag Cónaidhm Ceardchumann na Gearmáine (DGB). Comhordaíonn an Comhlachas Oibre agus Saoil (Arbeit und Leben e.V.) i mBeirlín an feachtas, le tacaíocht ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus ón Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce.

Léirítear sa sampla ó Phoblacht na Seice an dóigh ar féidir le cur chuige comhtháite atá bunaithe ar chomhar trípháirteach teacht as **idirphlé, tionscnaimh chomhpháirteacha agus feachtais** idir an rialtas, comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Ghlac Poblacht na Seice rialacháin agus beartais a forbraíodh i gcomhar le comhpháirtithe sóisialta agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha. Chun faireachán éifeachtach a áirithiú, cuirtear oiliúint thráthrialta ar phearsanra ó údaráis phoiblí ábhartha agus méadaíodh an líon cigireachtaí saothair a dhéantar. Ghlac comhpháirtithe

sóisialta comhaontuithe ginearálta agus comhaontuithe ar leibhéal cuideachta. Chomh maith leis sin, tá fostóirí ag déanamh breithniú ar fhorbairt a dhéanamh ar dhúliosta idirghabhálaithe neamhchomhlíontacha sa mhargadh saothair chun feasacht a mhúscailt agus chun iomaíocht éagórach a chomhrac.

Foinse: Eurofound, Regulation of labour market intermediaries and the role of social partners in preventing trafficking of labour (Rialáil idirghabhálaithe sa mhargadh saothair agus an ról atá ag comhpháirtithe sóisialta i ngáinneáil ar oibríthe a chosc

4.2 Déanann an eagraíocht náisiúnta chomhpháirtíochta sóisialta teagmháil leis na húdaráis náisiúnta ábhartha chun a chur in iúl dóibh go bhfuil sé de rún aici aird ELA a tharraingt ar chás

Déanann an eagraíocht náisiúnta chomhpháirtíochta sóisialta achoimre ar an bhfaisnéis thábhachtach ar fad a fuarthas sa chéad chéim agus dáileann sí í ar na húdaráis náisiúnta ábhartha, á chur in iúl dóibh go bhfuil sé de rún aici aird ELA a tharraingt ar chás. Pléann an eagraíocht chomhpháirtíochta sóisialta leis na húdaráis náisiúnta na hábhair imní, agus tionchair na n-ábhar imní, a eascraíonn as an bhfaisnéis a fuarthas a bhaineann le neamhrialtachtaí i ndlí an tsaothair nó le scéimeanna calaoise trí anailís a dhéanamh ar an margadh saothair agus trí fhaisnéis áitiúil a bhailiú faoi dhálaí oibre agus faoi fhochoonraitheoirí agus araile.

Is féidir go dtarlóidh na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, mar thoradh ar an bplé sin:

- ☑ Déanann an eagraíocht chomhpháirtíochta sóisialta agus na húdaráis náisiúnta ábhartha measúnú ar an ngá atá ann le gníomhaíocht. I gcás ina mbeartaítear cigireacht trasteorann, féadfaidh an Ballstát dul ar aghaidh i gcomhréir leis an Treoir sreafa oibre a leagtar amach i Roinn 2.
- ☑ I gcás nach gcomhaontaíonn an eagraíocht chomhpháirtíochta sóisialta agus na húdaráis náisiúnta ábhartha lena chéile maidir leis an ngá atá ann le gníomhaíocht nó maidir leis an gcineál gníomhaíochta ann nó i gcás nach ngníomhaíonn údaráis náisiúnta de bhun na hiarrata ón eagraíocht chomhpháirtíochta sóisialta ann, féadfaidh an eagraíocht chomhpháirtíochta sóisialta aird ELA a tharraingt ar an gcás.

4.3 Comhlánaíonn an eagraíocht náisiúnta chomhpháirtíochta sóisialta an teimpléad chun aird ELA a tharraingt ar an gcás

Comhlánaíonn an eagraíocht náisiúnta chomhpháirtíochta sóisialta an teimpléad le haghaidh Tuairisc ar an gcás ([larscríbhinn 1](#)) chun aird ELA a tharraingt ar an gcás (a mhéid atá an fhaisnéis riachtanach aici). Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoin Tuairisc ar an gcás a líonadh isteach, féach roinn 2.2 de na treoirlínte seo.

4.4 Seolann an eagraíocht náisiúnta chomhpháirtíochta sóisialta an cás chuig ELA agus cuireann sí údaráis náisiúnta ábhartha agus an tOifigeach Náisiúnta Idirchaidrimh lena mbaineann ar an eolas faoi

Seolann an eagraíocht chomhpháirtíochta sóisialta an Tuairisc chomhlánaithe ar an gCás chuig ELA. Ní mór di an fhaisnéis sin a sholáthar do na húdaráis náisiúnta ábhartha agus d'Oifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh freisin.

4.5 I gcomhar le hOifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh an Bhallstáit/na mBallstát lena mbaineann, déanann ELA measúnú ar an gcás


I gcomhar le hOifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh an Bhallstáit/na mBallstát lena mbaineann, déanann ELA measúnú ar an gcás ar bhonn tacar critéar comhaontaithe a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná 14 lá. Tugann ELA tús áite do mheasúnú a dhéanamh ar chásanna práinneacha agus féadfaidh sé faisnéis bhreise a iarraidh ón eagraíocht chomhpháirtíochta sóisialta chun an measúnú a éascú. Cé go dtabharfar tús áite do chásanna práinneacha, beidh feidhm ag na critéir mheastóireachta go fóill.

Is ionann na critéir a úsáideann ELA chun an cás a mheasúnú agus iad sin a leagtar amach i bpointe 2.4 de na treoirlínte seo.

4.6 Sainathnionn Stiúrthóir Feidhmiúcháin ELA an beart atá iomchuí (más ann dó) chun aghaidh a thabhairt ar an gcás agus tugann sé/sí fógra do na páirtithe uile lena mbaineann

Ar bhonn an mheasúnaithe thuas, sainathnionn Stiúrthóir Feidhmiúcháin ELA an beart atá iomchuí (más ann dó) chun aghaidh a thabhairt ar an gcás agus tugann sé/sí fógra do na páirtithe uile lena mbaineann faoin gcúis leis an gcinneadh. Áirítear le bearta féideartha feachtas faisnéise, fothú acmhainneachta, cigireachtaí comhbheartaithe nó cigireachtaí comhphárteacha, nó anailís riosca (ach gan a bheith teoranta dóibh) (féach Fíor 10). I gcás neamhrialtachtaí amhrasta nach dtagann go díreach faoi raon feidhme ELA, féadfaidh an tÚdarás iad a thuairisciú do gheallsealbhóirí ábhartha (roinn 2.6.2).

Fíor 10. Bearta chun aghaidh a thabhairt ar an gcás



4.6.1 Feachtas faisnéise

Feachtais mhúscaillte feachtas, lena n-áirítear feachtais a bhfuil mar aidhm leo daoine aonair agus fostóirí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, a chur ar an eolas faoina gcuid ceart agus oibleagáidí agus faoi na deiseanna atá ar fáil dóibh. Molfaidh ELA bearta nithiúla do na Ballstáit, ar bearta iad a mbeidh mar aidhm leo aghaidh a

thabhairt ar an tsaincheist agus, i gcás inarb ábhartha, a mbeidh comhpháirtithe sóisialta i gceist leo.

4.6.2 Fothú acmhainneachta

Tairgeann ELA uirlisí nó idirghabhálacha ábhartha do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar an gcás trí na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- I gcomhar le húdarais náisiúnta agus, i gcás inarb iomchuí, leis na comhpháirtithe sóisialta, forbairt a dhéanamh ar threoirlínte neamhcheangailteacha coiteanna lena n-úsáid ag na Ballstáit agus ag na comhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear treoir le haghaidh cigireachtaí i gcásanna a bhfuil gné trasteorann acu, agus forbairt a dhéanamh ar shainmhínte comhroinnte agus ar choincheapa coiteanna, agus tógáil á déanamh ar an obair ábhartha ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.
- Tacú le cúnaimh frithpháirteach, i riocht gníomhaíochtaí idir piaraí nó gníomhaíochtaí grúpa, agus le malartuithe foime agus scéimeanna iasachta foime idir údarais náisiúnta agus iad a chur chun cinn.
- Malartú agus scaipeadh eispéireas agus deachleachtas a chur chun cinn, lena n-áirítear samplaí de chomhar idir na húdarais náisiúnta ábhartha.
- Forbairt a dhéanamh ar chláir oiliúna eárnála agus trasearnála, lena n-áirítear cláir oiliúna d'údarais chigireachta saothair, agus ar ábhar oiliúna tiomnaithe, lena n-áirítear trí mhodhanna foghlama ar líne.

4.6.3 Cigireacht chombheartaithe nó cigireacht chomhphárteach

Cinneann ELA nósanna imeachta a thionscnamh faoin Treoir sreafa oibre maidir lena mholadh do na Ballstáit cigireacht chombheartaithe nó cigireacht chomhphárteach a dhéanamh. Sa chás sin, rachaidh ELA ar aghaidh i gcomhréir leis an Treoir sreafa oibre a leagtar amach i Roinn 3. Féadfaidh comhpháirtithe sóisialta páirt a ghlacadh i gcigireacht a chur i gcrích i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta. Áirithíonn ELA go gcuirtear eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta ar an eolas faoi dhul chun cinn agus torthaí an cháis.

4.6.4 Anailís riosca

Tairgeann ELA a shaineolas do na Ballstáit chun measúnú riosca/anailís riosca a dhéanamh. Faoin Rialachán, déanann ELA, i gcomhar leis na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, leis na comhpháirtithe sóisialta, measúnú ar rioscaí agus déanann sé anailísí maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus comhordú slándála sóisialta ar fud an Aontais. Sa mheasúnú riosca agus san obair anailíseach, tugtar aghaidh ar thopaicí amhail míchothromaíochtaí sa mhargadh saothair, dúshlán atá sonrath don earnáil agus fadhbanna athfhillteacha; is féidir go ndéanfaidh ELA anailísí dírithe doimhne agus staidéir dhírithé dhoimhne chun saincheistanna sonracha a imscrúdú freisin. Le linn dó measúnú riosca agus obair anailíseach a dhéanamh, is amhlaidh, a mhéid is féidir, go n-úsáideann ELA na sonraí staidrimh ábhartha reatha atá ar fáil ó shuirbhéanna atá ann cheana agus go n-áirithíonn sé comhlántacht le gníomhaireachtaí nó seirbhísí de chuid an Aontais agus le húdaráis, gníomhaireachtaí nó seirbhísí náisiúnta agus go mbaineann sé leas as an saineolas atá acu, lena n-áirítear i réimsí amhail calaois, dúshaothrú, idirdhealú, réamhaisnéisiú scileanna, agus sláinte agus sábháilteacht ag an obair.



Conas is féidir le ELA cabhair a thabhairt?

Trí thacaíocht theicniúil, tacaíocht riarachán, tacaíocht airgeadais nó tacaíocht eile d'fheachtas faisnéise a thairiscint chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist.

Iarscríbhinn 1 Tuairisc ar an gcás

TUAIRISC AR AN gCÁS

Déanfar an chigireacht i gcomhréir le dlí nó cleachtas an Bhallstáit ina ndéanfar an chigireacht. Ní dhéanfar leis an gComhaontú seo aon difear d'aon chomhaontuithe déthaobhacha/iltaobhacha atá ann cheana ná d'aon mheabhráin tuisceana arna dtabhairt chun críche ag na Ballstáit rannpháirteacha. Ní chomhlánóidh na páirtithe sa Chomhaontú seo ach na codanna sin atá ábhartha don chás atá idir lámha.

Ábhar:

Uimhir thagartha:

1. Faisnéis chúlra ar an gcás

Tabhair tuairisc ghinearálta ar an ngearán tosaigh nó ar an bhfaisnéis tosaigh. Liostaigh go hachomair an fhaisnéis ábhartha ar fad faoin gcás agus an fhianaise atá ar fáil cheana féin, mar shampla faisnéis ó réamhthairde nó ó mheasúnú riosca comhpháirteach agus faisnéis ó imscrúduithe a rinneadh cheana féin, lena n-áirítear sárúithe sainaitheanta, agus tabhair faisnéis faoi ghníomhaíochtaí a rinneadh cheana féin chun dul i ngleic leis an bhfadhb ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus faisnéis faoi thorthaí na ngníomhaíochtaí sin agus faoin ról a bhí ag Ballstáit eile nó ag geallsealbhóirí eile iontu (más infheidhme).

2. An earnáil agus an t-eintiteas/na heintitis a bhfuil cigireacht le déanamh uirthi nó air/orthu i ngach Ballstát

Sonraigh an earnáil agus, más féidir ag an gcéim seo, ainm na cuideachta/na gcuideachtaí a bhfuiltear le spriocdhírú orthu.

3. Comhordaitheoir/comhordaitheoirí náisiúnta na cigireachta

Tabhair sonraí teagmhála an eintitis agus an duine atá i gceannas ar chomhordú náisiúnta na cigireachta comhbheartaithe/na cigireachta comhpháirtí atá beartaithe don Bhallstát iarrthach agus, más féidir, do na Ballstáit eile lena mbaineann.

4. Geallsealbhóirí eile agus an líon daoine rannpháirteacha

Sonraigh gach eagraíocht náisiúnta nó idimnáisiúnta eile a bhfuil baint acu leis an gcigireacht, lena n-áirítear eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta, más ábhartha.

5. An líon cuideachtaí agus oibríthe taistil lena mbaineann an chigireacht

Sonraigh an líon measta cuideachtaí agus oibríthe taistil (lena n-áirítear oibríthe ar postú, oibríthe féinfhostaithe, oibríthe a bhfuil stádas eile acu (e.g. úinéir cuideachta, oibrí deonach)) lena mbaineann an cás go díreach, ionas gur féidir le ELA measúnú a dhéanamh ar thionchar na sárúithe féideartha ar oibríthe agus/nó ar an margadh saothair.

6. Costais mheasta atá le híoc ag ELA agus tacaíocht eile

Tabhair mionsonraí faoin tacaíocht atá á iarraidh ó ELA le haghaidh na cigireachta, lena n-áirítear na garbhchostais mheasta lena mbaineann (iompar, cóiríocht, ateangaireacht, comhairle dlí, uirlisí TF, etc.)

Iarscríbhinn 2 Comhaontú Eiseamláireach

COMHAONTÚ EISEAMLÁIREACH XX/2020 MAIDIR LE CIGIREACHTAÍ COMHBHEARTAITHE TRASTEORANN AGUS CIGIREACHTAÍ COMHPHÁIRTEACHA TRASTEORANN

Déanfar an chigireacht i gcomhréir le dlí nó cleachtas an Bhallstáit ina ndéanfar an chigireacht. Ní dhéanfar leis an gComhaontú seo aon difear d'aon chomhaontuithe déthaobhacha/iltaobhacha atá ann cheana ná d'aon mheabhráin tuisceana ama dtabhairt chun críche ag na Ballstáit rannpháirteacha. Ní leagfar leis an gComhaontú seo aon oibleagáid dhlíthiúil ar na páirtithe is sínitheoirí, seachas na hoibleagáidí sin a thuairiscítear i Rialachán (AE) 2019/1149. Ní chomhlánóidh na páirtithe sa Chomhaontú seo ach na codanna sin atá ábhartha don chás atá idir lámha.

1. Páirtithe sa chomhaontú

Ballstát A

Ainm an chomhlachta náisiúnta forfheidhmiúcháin arb é an comhlacht comhordaithe é:

Ballstát B*

Ainm an chomhlachta náisiúnta forfheidhmiúcháin arb é an comhlacht comhordaithe é:

An tÚdarás Eorpach Saothair

2. Comhordaitheoirí

Comhordaitheoir ginearálta

Ainm chomhordaitheoir ginearálta na cigireachta comhbheartaithe/na cigireachta comhpháirtí:

[Beidh an comhordaitheoir ginearálta i gceannas ar ábhair eagraíochtúla agus nós imeachta, lena n-áirítear tuarascálacha a dhréachtú. Tríd is tríd, ba cheart don duine a cheapfar mar chomhordaitheoir ginearálta a bheith ina c(h)omhordaitheoir náisiúnta nó ina (h)oifigeach freagrach de chuid ELA.]

Ballstát A

Ainm an chomhordaitheora náisiúnta fhreagraigh:

Ballstát B*

Ainm an chomhordaitheora náisiúnta fhreagraigh:

An tÚdarás Eorpach Saothair

Ainm an Oifigigh fhreagraigh de chuid ELA:

Ainm an Oifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh do [Ballstát A]:

Ainm an Oifigigh Náisiúnta Idirchaidrimh do [Ballstát B*]:

* Más infheidhme, cuir Ballstáit C, D, etc., leis

3. Ról na n-oifigeach ar cuairt ó Bhallstáit eile agus ó ELA

(Airteagal 9(3) agus Airteagal 9(5) den Rialachán bunaidh)

4. Formáid agus tréimhse ama na cigireachta

Sonraigh cé acu is cigireacht chomhpháirteach nó cigireacht chomhbheartaithe í an chigireacht agus cé acu atá sí de chineál ghinearálta nó atá sé i gceist léi spriocdhírú ar shaincheist shonrach

Comhaontaíonn na páirtithe go ndéanfar:

- cigireacht **chomhbheartaithe** ghinearálta
- cigireacht **chomhbheartaithe** spriocdhírthe
- cigireacht **chomhpháirteach** ghinearálta
- cigireacht **chomhpháirteach** spriocdhírthe

ar feadh [luaigh an tréimhse shonrach], le cur ar siúl sa Bhallstát/sna Ballstáit seo a leanas:

5. Raon feidhme na cigireachta comhbheartaithe/na cigireachta comhpháirtí

Le haghaidh sainmhínte ar an téarmaíocht a úsáidtear, is féidir leat breathnú chun críocha tagartha ar an nGluais Téarmaí ama forbairt laistigh den Ardán Eorpach chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe.

Tá sé mar aidhm leis an gcigireacht chomhbheartaithe/leis an gcigireacht chomhpháirteach dul i ngleic leis na nithe seo a leanas:

- neamhchomhlíonadh na rialacha Eorpacha agus náisiúnta is infheidhme maidir le saorghluaiseacht oibríthe, agus/nó
- neamhchomhlíonadh na rialacha Eorpacha agus náisiúnta is infheidhme maidir le saorghluaiseacht seirbhísí (oibríthe a phostú)

Sonraigh an earnáil eacnamaíoch a bhfuiltear ag spriocdhírú uirthi:

Sonraigh na spriocanna gearrthéarmacha agus na spriocanna fadtéarmacha atá leis an gcigireacht seo:

[Is féidir go n-áireofar le spriocanna gearrthéarmacha pionóis a aisghabháil, ranníocaíochtaí a aisghabháil, gnólachtaí a dhúnadh, oibríthe taistil a chosaint, etc. Is féidir go n-áireofar le spriocanna fadtéarmacha an méid oibre neamhdhearbhaithe a laghdú san earnáil shonrach.]

6. Comhordú agus tacaíocht ó ELA

Sonraigh an cineál comhordúcháin nó tacaíochta ama chomhaontú le ELA agus, más ábhartha, luaigh méid táscach na tacaíochta airgeadais ama hiarraidh:

[Féadfaidh ELA tacaíocht choincheapúil, tacaíocht lóistíochta agus tacaíocht theicniúil a sholáthar agus, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé saineolas dlí a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta.]

7. Geallsealbhóirí eile

Liostaigh aon eagraíochtaí eile a mbeidh baint acu leis an gcigireacht agus sonraigh an ról a bheidh acu.

8. Plean cigireachta

Tarraingeoidh na páirtithe sa Chomhaontú seo suas plean mionsonraithe don phlean cigireachta seo i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach san larscríbhinn.

Sínihe		
Ballstát A	Ballstát B*	An tÚdarás Eorpach Saothair
<hr/> Ainm: Feidhm: Institiúid: Dáta:	<hr/> Ainm: Feidhm: Institiúid: Dáta:	<hr/> Ainm: Feidhm: Dáta:

Iarscríbhinn 2a Plean Cigireachta

PLEAN CIGIREACHTA

Beidh feidhm ag doiciméad an Phlean Cigireachta seo i gcónaí i gcás ina mbeidh sé beartaithe go nglacfaidh baill foirne ELA páirt i gcigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach. I gcás nach mbeidh sé beartaithe ann go nglacfaidh baill foirne ELA páirt i gcigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach, moltar go n-úsáidfí doiciméad an Phlean Cigireachta seo mar threoir do na rannpháirtithe agus is féidir é a úsáid ar bhonn deonach. Tá an doiciméad seo inoiriúnaithe do dhlíthe agus cleachtais na mBallstát a ghlacann páirt i gcigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhpháirteacha, agus tugtar samplaí mionsonraithe ann faoi conas dul ar aghaidh le linn cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach. Is féidir codanna den doiciméad seo a chóipeáil de réir mar is gá, ag brath ar an líon Ballstát atá rannpháirteach sa chigireacht (i gcás Bhallstát B, C, D, etc.)

Ábhar:

Uimhir thagartha:

Seisiún faisnéise

Comhaontú ginearálta ar an modh faisnéisithe

Sampla: Roimh an gcigireacht agus tar éis na cigireachta, cuirfear seisiún faisnéise ar siúl ag [láthair agus am]. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh gach aonad/duine lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, baill foirne ELA i láthair le haghaidh an ghníomhaíocht a ullmhú agus a mheas, aiseolas a mhalartú, agus gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ina dhiaidh sin a chinneadh. Chun na rannpháirtithe sa chigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach a chur ar an eolas, ba cheart na spriocanna a mhíniú:

- doiciméid riaracháin a fháil
- na fostaíthe agus na bainisteoirí a chur faoi agallamh

Faisnéis a thabhairt do Bhallstát A:

Foireann A1

Seoladh:
Am an chruinnithe:

Foireann A2

Seoladh:
Am an chruinnithe:

Faisnéis a thabhairt do Bhallstát B*:

Foireann B1

Seoladh:
Am an chruinnithe:

Foireann B2

Seoladh:
Am an chruinnithe:

Am an teachta isteach ar láthair na cigireachta: (ll/mm/yyyy uu:nn)

An t-eintiteas a bhfuil cigireacht á déanamh air: (ainm agus sonraí teagmhála)

Úinéir/lucht bainistíochta: (ainm agus sonraí teagmhála)

Fochonraitheoirí/cuideachtaí gaolmhara: (ainm agus sonraí teagmhála)

Páirtithe eile a bhfuil cigireacht le déanamh orthu: (ainm agus sonraí teagmhála)

Comhordú an mhalartaithe sonraí

Sonraigh cén duine/cé na daoine a bheidh freagrach as na sonraí ábhartha uile a mhalartú, lena n-áirítear aonad comhordúcháin ELA, más ábhartha, agus sonraigh cé na cainéil chumarsáide a úsáidfear (e.g. IMI). Tabhair sonraí teagmhála, amhail ainm, uimhir fóin, agus seoladh ríomhphoist.

* Más infheidhme, cuir Ballstáit C, D, etc., leis

Comhaontuithe praiticiúla i mBallstát A

1. Comhdhéanamh na foirne/na bhfoirne i mBallstát A:

Foireann 1: e.g. An fhoireann atá freagrach as an bpríomheintiteas a bhfuil cigireacht á déanamh air a imscrúdú, conraitheoirí/fochonraitheoirí,

Áit cruinnithe:

Am cruinnithe:

Comhordaitheoir na foime: [ainm agus sonraí teagmhála]

Ainm	Uimhir fóin	Ról
		e.g. Ceannaire póilíní
		e.g. Ceannaire cigireachtaí saothair
		e.g. Cigire saothair
		e.g. Baill foirne ELA

2. Tabhair tuairisc ar na bearta a meastar go ndéanfaidh an fhoireann/na foirne i mBallstát A iad:

e.g.

- cuairt a thabhairt ar an bpríomheintiteas a bhfuil cigireacht á déanamh air agus cloí leis na gnáthnósanna imeachta lena linn
- an fostóir a chur faoi agallamh
- éisteacht leis na fostaithe.
- cuairt a thabhairt ar oifig an chuntasóra agus cloí leis na gnáthnósanna imeachta lena linn
- cuardach a dhéanamh le haghaidh doiciméid ábhartha agus cóipeanna a dhéanamh díobh

3. Faisnéis / doiciméid / fianaise atáthar ag iarraidh a fháil ón eintiteas/ó na heintitis a bhfuil cigireacht á déanamh air/orthu ón [II/mm/bbbb] amach:

e.g.

- Bileoga ama, duillíní pá
- Conarthaí i scríbhinn,
- Ríomhphoist maidir leis an bpearsanra,
- Gach sonrasc a thagann isteach/a théann amach,
- Idirbhearta bainc,
- Deimhnithe A1

4. Modheolaíocht agus tuilleadh treoracha:

a) Na fostaithe agus daoine eile lena mbaineann a chur faoi agallamh:

- Tabhair tuairisc ar an dóigh ar cheart na fostaithe agus daoine eile lena mbaineann (fostóir, bainisteoir láithreáin, ionadaithe...) a chur faoi agallamh, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, agus gan dochar d'inniúlachtaí agus cearta comhchoiteanna na gcomhpháirtithe sóisialta, i gcás inarb infheidhme, faoin dlí náisiúnta agus/nó faoin gcleachtas náisiúnta.
- Leag béim ar an ngá atá ann lena gcuid ceart agus oibleagáidí a mhíniú d'oibrithe agus lena mhíniú dóibh conas is féidir leo tairbhiú de chomhar.
- Bain úsáid as ceistneoirí caighdeánaithe agallaimh le haghaidh cineálacha difriúla agallaithe (oibrithe, saoi, bainisteoir, tiománaí, cliant...).
- Cuir tú féin ar an eolas faoi na ceistneoirí roimh an gcigireacht.
- Bain úsáid as ateangairí (an dualgas cruthúnais agus cloí mar is ceart leis na ceanglais reachtacha lena linn) agus/nó as idirghabhálaithe cultúrtha (chun teagmhálacha idir cigirí agus daoine a chuirtear faoi agallamh a éascú, go háirithe nuair atáthar ag déileáil le náisiúnaigh thríú tír), más gá.
- Bain úsáid as foirne measctha.

b) Faisnéis a bhailiú

- Agus tú ag dul isteach san áit oibre, tabhair an-aird ar gach a bhfuil á dhéanamh ag daoine, ar cé hiad na daoine a bhfuil siad ag obair leo, ar cé na héadaí atá orthu, etc. Déan cinnte de go scríobhann tú na nithe sin síos áit éigin toisc go mbaineann tábhacht leis na nithe a fheictear leis an tsúil. I gcás inarb iomchuí agus ina gceadófar amhlaidh leis an reachtaíocht náisiúnta, smaoinigh ar phictiúir/físeáin a thógáil.
- Tabhair aird chuí ar na doiciméid aitheantais arna gcur isteach. Tarlaíonn sé go gcuirtear doiciméid bhréagacha isteach.
- Scríobh síos mionsonraí faoi fheithicíl na cuideachta (cláruimhir, etc.).
- Más infheidhme, sonraigh aon chineál speisialta fianaise ba cheart a bhailiú (e.g. fianaise físeáin, doiciméid bhunaidh).

c) Iarrataí ar na comhghleacaithe i mBallstát B*:

- I gcás ina luafaidh fostaithe go bhfuil sochair shóisialta á bhfáil acu i mBallstát B, déan teagmháil le [ainm] chun an méid sin a fhíorú.
- I gcás ina dtiocfaidh ar úinéir(i) an eintitis/na n-eintiteas a bhfuil cigireacht á déanamh air/orthu le linn na gcigireachtaí i mBallstát B, bailigh faisnéis fhairsing maidir le [xxxxx].

d) Treoracha sábháilteachta:

- Baineann ríthábhacht i ngach cás le sábháilteacht na rannpháirtithe.
- Déantar seiceálacha i ngrúpaí atá comhdhéanta de bheirt ar a laghad i ngach cás.
- Ba cheart do rannpháirtithe breathnú sa tsúil ar a chéile a mhéid is féidir.
- Níor cheart do rannpháirtithe comhghleacaí leo a choinneáil ina (h)aonar sa chuideachta choíche. Nuair atáthar ag fágáil na láithreach a bhfuil cigireacht á déanamh uirthi, ní mór é sin a dhéanamh i gcomhairle leis an gcomhordaitheoir ginearálta i ngach cás.
- Cuir in iúl cén t-údarás cigireachta/institiúid a sholáthróidh an trealamh sábháilteachta.

e) Socruithe lóistíochta:

- Socróidh [ainm] iompar chuig láthair na cigireachta agus imeoidh sé ó [láthair] ag [am].
- Iompróidh gach aonad rannphárteach doiciméid aitheantais
- Soláthrófar na huirlisí seo a leanas do na foirne cigireachta: [scanóirí iniompartha, méaróga cuimhne, ceamaraí grianghraif/físeáin, etc.]

f) Tuilleadh treoracha nó aon ghnó eile:

- I gcás ina n-aimseofar doiciméid pháipéir, urghabhfar iad sin le haghaidh cóipeanna digiteacha a dhéanamh agus eiseofar nóta admhála chuig an eintiteas a bhfuil cigireacht á déanamh air.

- Agus riarthóirí á gcur faoi agallamh, tá sé tábhachtach a n-ainm, a seoltaí ríomhphoist agus a n-uimhreacha teileafón a fháil chun críocha tagartha amach anseo.
- I gcás ceisteanna dlí, beidh foireann dlí ELA ar fáil [trí ríomhphost, ar an teileafón].

* Más infheidhme, cuir Ballstáit C, D, etc., leis

Iarscríbhinn 3 Tuarascáil Iarchigireachta

DRÉACHT-TUARASCÁIL IARCHIGIREACHTA XX/2020 LE HAGHAIDH CIGIREACHTAÍ COMHBHEARTAITHE AGUS CIGIREACHTAÍ COMHPHÁIRTEACHA

Dréachtófar an Tuarascáil Iarchigireachta i gcomhréir le dlí nó cleachtas an Bhallstáit ina ndéanfar an chigireacht. Ní chomhlánófar an Tuarascáil Iarchigireachta ach sna codanna sin atá ábhartha don chás atá idir lámha.

I gcomhréir le dlí nó cleachtais na mBallstát ina ndéanfar an chigireacht, is féidir go mbeidh sé riachtanach roinnt torthaí de chuid na n-údarás cigireachta a chur in iúl d'eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta. I gcomhréir le dlí nó cleachtais na mBallstát ina ndéanfar an chigireacht, is féidir go mbeidh sé riachtanach gan roinnt torthaí a chur in iúl do na páirtithe eile (e.g. cásanna coiriúla).

Ábhar:

Uimhir thagartha:

1. Tuairisc ar an gcigireacht (Is féidir an t-ábhar a chóipeáil agus a ghreamú ó dhoiciméad an Chomhaontaithe Cigireachta má tá sé cothrom le dáta fós)

Tabhair tuairisc ar cé na hinstiúidí/na comhlachtaí forfheidhmiúcháin/na heagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta i ngach Ballstát a raibh baint dhíreach acu leis an gcigireacht agus luaigh na comhordaitheoirí náisiúnta faoi seach.

Ballstát A:

Ballstát B*:

Geallsealbhóirí eile:

Dáta na cigireachta:

Tabhair tuairisc ar an gcás roimh an gcigireacht:

* Más infheidhme, cuir Ballstát C, D, etc., leis

Sonraigh cuspóir na cigireachta comhbheartaithe nó na cigireachta comhpháirtí (cigireacht ghinearálta, cigireacht spriocdhírthe, cigireacht leantach) agus na saincheistanna a ndearnadh cigireacht orthu:					
Tabhair tuairisc ar phróiseas na cigireachta comhbheartaithe nó na cigireachta comhpháirtí (an líon daoine a raibh baint acu léi, na modhanna imscrúdaithe a úsáideadh, etc.):					
Sonraigh na costais a tabhaíodh le linn na cigireachta:					
2. Rannpháirtíocht ELA agus/nó geallsealbhóirí eile (Is féidir an t-ábhar a chóipeáil agus a ghreamú ó dhoiciméad an Chomhaontaithe Cigireachta má tá sé cothrom le dáta fós)					
I gcás inarb infheidhme, tabhair tuairisc ar aon chomhar leis an Údarás Eorpach Saothair:					
I gcás inarb infheidhme, tabhair tuairisc ar aon chomhar le heagraíochtaí eile (e.g. Europol, Eurojust, comhpháirtithe sóisialta):					
3. Sonraí an eintitis/na n-eintiteas a bhfuil cigireacht á déanamh air/orthu (Is féidir an t-ábhar a chóipeáil agus a ghreamú ó dhoiciméad an Chomhaontaithe Cigireachta má tá sé cothrom le dáta fós)					
<ul style="list-style-type: none"> • Ainm(neacha): • Stádas dlíthiúil (cuideachta, comhpháirtíocht, etc.): • Caidreamh le heintitis agus cuideachtaí eile (e.g. fochuideachtaí): • Tuairisc ar ghnó/ar ghnóthaí nó ar eamáil eacnamaíoch/ar eamálacha eacnamaíocha: • An líon oibríthe taistil: • Faisnéis ábhartha eile faoin eintiteas/faoi na heintitis: 					
4. Sonraigh an líon iomlán cuideachtaí agus oibríthe taistil (lena n-áirítear oibríthe ar postú, oibríthe féinfhostaithe, oibríthe a bhfuil stádas eile acu (e.g. úinéir cuideachta, oibrí deonach)) lena mbaineann an chigireacht	Cuideachtaí	Oibríthe taistil	Oibríthe ar postú	Féinfhostaithe	Oibríthe a bhfuil stádas eile acu (e.g. úinéir cuideachta, oibrí deonach)
5. Tabhair tuairisc ar thorthaí na cigireachta comhbheartaithe nó na cigireachta comhpháirtí. I gcás inarb iomchuí, luaigh an líon cuideachtaí agus oibríthe taistil (lena n-áirítear oibríthe ar postú, oibríthe féinfhostaithe, oibríthe a bhfuil stádas eile acu (e.g. úinéir cuideachta, oibrí deonach)) lena mbaineann an sárú sna réimsí faoi seach					
Neamhchomhlíonadh na gceart saothair atá ag oibríthe taistil AE (e.g. ganníoc/neamhíoc pá)					

Íoc mícheart nó neamhióc ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus/nó sochair shóisialta a fuarthas go neamhdhleathach					
Obair neamhdhearbhaithe thrasteorann					
Postú neamhdhílis oibríthe					
Féinfhostaíocht bhréagach					
Gníomhaireachtaí oibre sealadaí atá bréagach, calaoiseach nó neamhdhleathach					
Cuideachtaí caocha agus struchtúir bhréagacha chuideachta					
Fostú neamhdhleathach (eagraithe) náisiúnach tríú tír					
Gáinneáil ar dhaoine agus/nó dúshaothrú saothair					
Torthaí eile (lena n-áirítear neamhrialtachtaí amhrasta i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais:					
An líon iomlán cuideachtaí/oibríthe taistil lena mbaineann na sárúithe thuasluaite	Cuideachtaí	Oibríthe taistil	Oibríthe ar postú	Féinfhostaithe	Oibríthe a bhfuil stádas eile acu (e.g. úinéir cuideachta, oibrí deonach)
6. Sonraigh, i gcás inarb infheidhme, cé na dlíthe eile a sáraíodh agus sonraigh na torthaí lena mbaineann	<ul style="list-style-type: none"> • An dlí cánach: • An dlí cuideachtaí: • An dlí coiriúil: • An dlí inimirce: 				
7. An bhfuil sé amhlaidh go bhféadfaidh na foirne cigireachta na sonraí arna mbailiú le linn na cigireachta a úsáid mar fhianaise?					

<p>8. I gcás inarb infheidhme, tabhair faisnéis bhreise i gcás ina mbeidh aon chineál speisialta fianaise ag teastáil (físeán, cóipeanna deimhnithe, doiciméid bhunaidh, etc.)</p>			
<p>9. Soiléirigh cé a bheidh i gceannas ar aon obair leantach i leith na cigireachta</p>	<p>Ballstát A:</p>	<p>Ballstát B*:</p>	<p>ELA:</p>
<p>Ionchúiseamh coiriúil (<i>rannpháirtíocht ionchúisitheora phoiblí</i>)</p>			
<p>Nósanna imeachta sibhialta trí eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta</p>			
<p>Fíneáil riaracháin</p>			
<p>Aisghabháil ranníocaíochtaí sóisialta</p>			
<p>Íoc pá</p>			
<p>Aisghabháil sochar sóisialta neamhdhlite</p>			
<p>Ranníocaíochtaí cánach</p>			
<p>Bearta comhéigneacha eile (aistarraingt ceadúnais, soláthar poiblí, etc.)</p>			
<p>Comhréiteach nó nósanna imeachta eile réitigh díospóide lasmuigh den chúirt</p>			
<p>Cigireachtaí leantacha (lena n-áirítear iad sin a dhéantar le tacaíocht ó ELA)</p>			
<p>Aon ghníomhaíochtaí leantacha eile (amhail idirchaidreamh a dhéanamh le hinstiúidí agus comhlachtaí AE, eagraíochtaí idirnáisiúnta, údaráis tríú tíortha nó geallsealbhóirí eile nó tuairisc a thabhairt dóibh)</p>			

10. An bhfuil sé amhlaidh gur chuir tú na torthaí in iúl d'údaráis ábhartha eile (i mBallstáit eile)?	
11. An bhfuil sé amhlaidh gur cheart aon ghníomhaíochtaí trasteorann eile a bheith ann, e.g. feachtais choisctheacha atá bunaithe ar na torthaí thuasluaite, lena n-áirítear iad sin a dtugtar fúthu le tacaíocht ó ELA? Sonraigh:	
12. Cé na ceachtanna a foghlaimíodh? Cé na hathruithe oibríochtúla is gá a dhéanamh chun an próiseas cigireachta a athrú chun dáta?	
13. Príomhtháscairí Feidhmíochta¹⁰	
Príomhtháscairí Feidhmíochta Cainníochtúla	
An líon pionós ó chásanna (cásanna riaracháin, cásanna sibhialta agus/nó cásanna coiriúla)	
An líon aisghabhálacha ranníocaíochtaí cánach/sóisialta agus íocaíochtaí aisghníomhacha ó chásanna (cásanna riaracháin, cásanna sibhialta agus/nó cásanna coiriúla)	
An líon píosaí comhairle riaracháin, rabhadh nó reachtanna, etc., a eisíodh chuig cuideachtaí	

¹⁰ Líon isteach "NFA" (níl fáil air) le haghaidh na bPríomhtháscairí Feidhmíochta sin nach bhfuil fáil orthu tráth ullmhú na tua rascála seo nó le haghaidh na bPríomhtháscairí Feidhmíochta sin nach féidir a thuairisciú chuig ELA

Príomhtháscairí Feidhmíochta Cáilíochtúla					
An fháil ar ábhar agus treoir ábhartha le haghaidh cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach a chur i gcrích agus leordhóthanacht an ábhair agus na treorach sin	<input type="checkbox"/> Níl fáil ar bith orthu	<input type="checkbox"/> Tá rud beag fála orthu	<input type="checkbox"/> Tá fáil mheasartha orthu	<input type="checkbox"/> Tá an-fháil orthu	<input type="checkbox"/> Tá fáil iomlán orthu
	<input type="checkbox"/> Neamhleordhóthanach ar fad	<input type="checkbox"/> Beagáinín leordhóthanach	<input type="checkbox"/> Measartha leordhóthanach	<input type="checkbox"/> An-leordhóthanach	<input type="checkbox"/> Leordhóthanach ar fad
Eolas ar reachtaíocht AE agus/nó ar chleachtais náisiúnta na mBallstát eile i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an dlí maidir le soghluaisteacht trasteorann an lucht saothair	<input type="checkbox"/> An-íseal	<input type="checkbox"/> Íseal	<input type="checkbox"/> Meánach	<input type="checkbox"/> Ard	<input type="checkbox"/> An-ard
An leibhéal cumarsáide agus comhair i measc na rannpháirtithe i gcigireachtaí comhbheartaithe nó cigireachtaí comhpháirteacha	<input type="checkbox"/> An-íseal	<input type="checkbox"/> Íseal	<input type="checkbox"/> Meánach	<input type="checkbox"/> Ard	<input type="checkbox"/> An-ard
Éascaíocht úsáide na fianaise in imeachtaí riaracháin nó coiriúla a d'eascair as cigireachtaí comhbheartaithe nó cigireachtaí comhpháirteacha	<input type="checkbox"/> Doiligh ar fad	<input type="checkbox"/> An-doiligh	<input type="checkbox"/> Measartha doiligh	<input type="checkbox"/> An-éasca	<input type="checkbox"/> Éasca ar fad
An méid acmhainní daonna a raibh baint acu le cigireachtaí comhbheartaithe nó cigireachtaí comhpháirteacha	<input type="checkbox"/> Neamhdhóthanach ar fad	<input type="checkbox"/> Beagáinín neamhdhóthanach	<input type="checkbox"/> Dóthanach	<input type="checkbox"/> An-dóthanach	<input type="checkbox"/> Dóthanach ar fad
Na bacainní teanga a measadh a bheith ann le linn cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhpháirteach	<input type="checkbox"/> An-íseal	<input type="checkbox"/> Íseal	<input type="checkbox"/> Meánach	<input type="checkbox"/> Ard	<input type="checkbox"/> An-ard
Measúnú cáilíochtúil	<i>Tabhair tuilleadh barúlacha nó moltaí maidir le feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an measúnú cáilíochtúil uait.</i>				

Iarscríbhinn 4 Forbhreathnú ar an mbunús dlí le haghaidh cigireachtaí comhbheartaithe agus cigireachtaí comhphárteacha sna Ballstáit

Cuspóir agus raon feidhme an taighde

Tá sé mar chuspóir leis an bhforbhreathnú achomair seo léarscáiliú a dhéanamh ar an mbunús dlí atá ann, más ann dó, le haghaidh cigireachtaí comhphárteacha trasteorann a dhéanamh ar leibhéal na mBallstát AE agus freagra a thabhairt ar an gceist faoi cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar fianaise arna bailiú le linn na gcigireachtaí sin i mBallstát amháin a úsáid in imeachtaí cúirte náisiúnta nó imeachtaí riaracháin i mBallstát eile agus míniú a thabhairt ar cé na teorainneacha atá ann, más ann dóibh, don chigire ar cuairt sa tír óstach.

Chuirge sin, pléadh sa staidéar seo leis na ceisteanna taighde seo a leanas i gcomhar leis na Saineolaithe ó Mheitheal ELA um Chigireachtaí sa tréimhse idir mí an Mheithimh agus mí Lúnasa 2020 (féach na táblaí thíos chun tuilleadh faisnéise a fháil):

- ☑ An bhfuil bunús dlí ann le haghaidh cigireachtaí comhphárteacha trasteorann saothair a dhéanamh ar leibhéal na mBallstát AE?
- ☑ Cé na hinniúlachtaí atá ag cigire ar cuairt le linn cigireacht chomhphárteach trasteorann a dhéantar sa mBallstát AE faoi seach?
- ☑ An bhfuil sé amhlaidh go bhféadfar fianaise ama bailiú sna cigireachtaí sin i mBallstát amháin a úsáid i gcúirt náisiúnta nó imeachtaí riaracháin i mBallstát eile?

Cé nach coitianta fós atá cleachtas na gcigireachtaí trasteorann, bíodh oibríocht chomhphárteach nó oibríocht chomhbheartaithe sa chigireacht sin, is féidir linn a bheith deimhin de go mbíonn ag méadú ar mhínicíocht an chomhair i measc na mBallstát. Comhlíonann Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh (córas IMI) ról tábhachtach i bhfaisnéis a mhalartú go sábháilte i measc na mBallstát agus cumasaítear leis fianaise ó thíortha eachtracha a úsáid in imeachtaí riaracháin nó cúirte intíre sa chuid is mó de chásanna.

Cuireann bunús dlí doiléir le haghaidh cigireachtaí trasteorann bac ar chomhar níos minice


Léiríodh sa taighde achomair ar an gcreat reachtach tacaíochta go bhfuil éagsúlacht mhór ann sa bhunús dlí le haghaidh comhar trasteorann (féach Fíor 11 Bunús dlí le haghaidh cigireachtaí comhphárteacha trasteorann sna Ballstáit). Cé gurb ann do roinnt tíortha a bhfuil acu forálacha reachtacha a d'fhéadfaí a chur in oiriúint do chuspóirí na cigireachta comhbheartaithe nó na cigireachta chomhpháirtí, e.g. staid an tsaineolaí sheachtraigh le linn na cigireachta, is annamh atá forálacha sonracha sa reachtaíocht do chigireachtaí comhbheartaithe trasteorann nó cigireachtaí

comhphárteacha trasteorann. Mar sin féin, féadfaidh tíortha nach bhfuil an bunús dlí le fáil iontu cigireachtaí trasteorann atá bunaithe ar chomhaontuithe sealadacha ad hoc, mar shampla, a chur chun feidhme.

Cé gur féidir tabhairt faoi chomhar trasteorann i bhformhór na mBallstát, tá an bunús dlí doiléir ag cur bac ar chomhar go pointe éigin, i gcás nach mbeidh cigirí ná comhordaitheoirí cinnte faoi cé acu is ceadmhach nó nach ceadmhach dóibh cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhphárteach a dhéanamh faoin reachtaíocht reatha ann.

Ar an iomlán, **tá ag ocht mBallstát cineál éigin dlí náisiúnta lena rialáitear** na féidearthachtaí a bhaineann le cigireachtaí trasteorann (cé nach bhfuil forálacha sonracha ann do na cúrsaí sin i ngach cás). **Thug deich mBallstát cineál éigin comhaontuithe déthaobhacha/iltaobhacha chun críche** le haghaidh cigireachtaí trasteorann ach níl aon dlí náisiúnta i bhfeidhm acu le haghaidh an chomhair sin. **Chuir naoi mBallstát in iúl nach bhfuil aon chreat dlíthiúil acu le haghaidh cigireachtaí trasteorann.** I roinnt tíortha, ní theastaíonn gníomhas dlíthiúil chun cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhphárteach a dhéanamh - féadfar comhaontuithe ad hoc a thabhairt chun críche gan bunús dlí sonracha a bheith i bhfeidhm cheana féin.

Fíor 11. An bunús dlí le haghaidh cigireachtaí comhphárteacha trasteorann sna Ballstáit



Tabhair faoi deara: I roinnt tíortha, ní theastaíonn gníomhas dlíthiúil chun cigireacht chomhbheartaithe nó cigireacht chomhphárteach a dhéanamh; féadfar comhaontuithe ad hoc a thabhairt chun críche gan bunús dlí sonracha a bheith i bhfeidhm cheana féin.

Foinse: Léarscáiliú na reachtaíochta náisiúnta 2020, An Mheitheal um Chigireachtaí

Ceadaítear do chigirí ar cuairt bheith i láthair mar bhreathnóirí i bhformhór na mBallstát

Is é an toradh atá ar chreat dlíthiúil cuimsitheach le haghaidh comhar trasteorann a bheith ann go gcabhraítear leis na Ballstáit na bacainní tosaigh a shárú agus na gníomhaíochtaí comhpháirteacha nó na gníomhaíochtaí comhbheartaithe a spreagadh. Léirítear sa taighde go bhféadfar roinnt forálacha de chuid na reachtaíochta náisiúnta a úsáid de ghnáth chun rannpháirtíocht cigire eachtraigh i ról breathnóra a cheadú le linn na cigireachta (féach Fíor 12 Ról an chigire eachtraigh le linn na cigireachta).

I 25 Bhallstát, ní bheidh ag cigire ar cuairt ach inniúlacht theoranta atá comhionann le ról breathnóra nó beidh inniúlachtaí sonracha eile aige/aici.

In dhá Bhallstát (an Ghréig agus Málta), ní bheidh aon inniúlacht ar bith ag cigire ar cuairt. Ní bheidh inniúlacht iomlán ag cigire ar cuairt le linn cigireacht chomhpháirteach trasteorann i gceann ar bith de na Ballstáit, i.e. inniúlacht atá comhionann le hinniúlacht cigire áitiúil.

Fíor 12. Ról an chigire eachtraigh le linn na cigireachta



■ Inniúlacht iontán ■ Inniúlacht theoranta/breathnóir ■ Gan aon inniúlacht

Foinse: Léarscáiliú na reachtaíochta náisiúnta 2020, An Mheitheal um Chigireachtaí

Féadfar fianaise ó Bhallstáit eile a úsáid in imeachtaí cúirte nó riaracháin i bhformhór na mBallstát


Cé nach follasach i bhformhór na mBallstát atá an bunús dlí le haghaidh comhar trasteorann, féadfar an fhianaise arna bailiú trí chomhar le Ballstáit eile a úsáid de ghnáth in imeachtaí cúirte nó riaracháin. Luaitear córas IMI i bhformhór na gcásanna a bheith ar an sásra tacaíochta a mbraitear air le haghaidh comhair, nó le

haghaidh an cheanglais le fianaise a ghlacadh in imeachtaí cúirte nó riaracháin, fiú.

Maidir le fianaise arna bailiú le linn cigireachta arna déanamh i mBallstát eile a úsáid os comhair cúirte, ceadaíonn 23 Bhallstát an fhaisnéis a úsáid ar an mbealach sin (féach Fíor 13. Fianaise ó Bhallstáit eile a úsáid in imeachtaí cúirte intíre). Moltar go soláthrófaí an fhianaise trí chóras IMI i bhformhór na gcásanna chun a áirithiú go mbeidh sí inghlachta.

Luaigh ceithre Bhallstát sa fhreagra uathu go bhféadfadh go mbeadh fadhbanna ag baint leis an bhfianaise sin a úsáid os comhair a gcúirteanna. Mar shampla, is ann sa Bhulgáir do fhiosáil dlí-eolaíochta a thagann salach ar a chéile ar ábhar na hinghlachachta agus, sa Rómáin, bíonn an inghlachacht ag brath ar bhreith ón gcúirt i gcás ar leith.

Fíor 13. Fianaise ó Bhallstáit eile a úsáid in imeachtaí cúirte intíre




■ Inghlachta ■ Féadfar í a úsáid ach beidh teorainneacha léi ■ Neamhchheadaithe

Foinse: Léarscáiliú na reachtaíochta náisiúnta 2020, An Mheitheal um Chigireachtaí

Maidir le fianaise a úsáid in imeachtaí riaracháin, ceadaíonn 24 Bhallstát an fhianaise a úsáid ar an mbealach sin. (féach Fíor 14. Fianaise ó Bhallstáit eile a úsáid in imeachtaí riaracháin intíre). Is amhlaidh anseo freisin go moltar go soláthrófaí an fhianaise trí chóras IMI i bhformhór na gcásanna chun próiseáil chúil agus úsáid chúil a áirithiú in imeachtaí riaracháin. Níor luaigh ach dhá Bhallstát (an Ghréig agus Málta) sa fhreagra uathu nach bhféadfaí fianaise arna bailiú le linn cigireachta arna déanamh i mBallstát eile a úsáid in imeachtaí riaracháin ina mBallstát.

Fíor 14. Fianaise ó Bhallstáit eile a úsáid in imeachtaí riaracháin intíre



■ *Inghlactha* ■ *Féadfar í a úsáid ach beidh teorainneacha léi* ■ *Neamhcheadai*

Foinse: Léarscáiliú na reachtaíochta náisiúnta 2020, An Mheitheal um Chigireachtaí

An bhfuil creat dlíthiúil ann le haghaidh cigireachtaí comhpháirteacha trasteorann? (Torthaí mionsonraithe)

Ballstát	TÁ – an dlí náisiúnta	TÁ – comhaontuithe iltaobhacha/déthaobhacha	NÍL
An Ostair	An tAcht in aghaidh Dumpáil Pá agus Shóisialta (Lohn- und Sozialdumping-Bekämpfungsgesetz, LSD-BG), Alt 17, mír 1		
An Bheilg	An Cód Coiriúil Sóisialta (Airteagal 56 agus Airteagal 57)	Tá. Tugtar comhaontuithe déthaobhacha/iltaobhacha éagsúla chun críche (níor tugadh mionsonraí)	
An Bhulgáir		Tugadh comhaontuithe déthaobhacha chun críche leis an bhFrainc, leis an nGearmáin, leis an bPolainn agus leis an Iorua.	
An Chróit			Níl.
An Chipir	Dlí Uimh. 63(i) de 2017, lena bhforáiltear do phostú oibríthe faoi chuimsiú chreat an tsoláthair seirbhísí agus na n-ábhar ábhartha eile, Cuid II: Cur i bhfeidhm na bhforálacha Dlí, airteagal 17 agus airteagal 18.		
Poblacht na Seice	Foráiltear le hAcht Uimh. 255/2012 Coll., an tAcht um Rialú (Alt 6), go bhféadfaidh cigire ó Bhallstát eile páirt a ghlacadh i gcigireacht a dhéantar i bPoblacht na Seice.		
An Danmhairg			Níl.
An Eastóin		Tugadh comhaontuithe comhair laistigh de raon feidhme teoranta an chreata chun críche leis an bhFionlainn Theas, leis na Stáit Bhaltacha agus leis an Iorua, ar comhaontuithe iad lena gceadaítear gníomhaíochtaí comhpháirteacha a dhéanamh. Tá an comhaontú comhair leis an bPolainn níos dírithe ar an malatú faisnéise.	
An Fhionlainn		Comhaontú déthaobhach leis an Eastóin.	
An Fhrainc		Tugadh comhaontuithe chun críche leis an nGearmáin, leis an mBeilg, leis an mBulgáir, le Lucsamburg, leis an Spáinn, leis an Ísiltír agus leis an bPortaingéil. Tá comhaontú á thabhairt chun críche leis an Iodáil (<i>Sonraí amhail an 20 DF 2020</i>).	
An Ghearmáin			Níl.
An Ghréig			Níl.
An Ungáir			Níl.
Éire	Is é alt 35 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 an bunús le haghaidh comhaontuithe déthaobhacha chun (a) faisnéis a sholáthar agus (b) aon chabhair eile a éascóidh comhlíonadh fheidhmeanna an pháirtí eile a sholáthar.	Tugadh comhaontuithe chun críche leis an Ríocht Aontaithe agus leis an bPortaingéil.	

Ballstát	TÁ – an dlí náisiúnta	TÁ – comhaontuithe iltaobhacha/déthaobhacha	NÍL
An Iodáil		Tá comhaontuithe á dtabhairt chun críche leis an bhFrainc agus leis an Rómáin (<i>Sonraí amháil an 20 DF 2020</i>).	
An Laitvia		Comhaontú comhair leis an Eastóin agus leis an Liotuáin lena gceadaítear gníomhaíochtaí comhpháirteacha a dhéanamh.	
An Liotuáin		Comhaontuithe comhair leis na Stáit Bhaltacha (an Eastóin agus an Laitvia) agus leis an Iorua lena gceadaítear gníomhaíochtaí comhpháirteacha a dhéanamh. Tá an comhaontú comhair leis an bPolainn níos dírithe ar an malartú faisnéise.	
Lucsamburg		Conradh lena mbunaítear Aontas Benelux (comhar idir-rialtasach idir an Bheilg, an Ísiltír agus Lucsamburg); comhaontú déthaobhach leis an bhFrainc.	
Málta			Níl.
An Ísiltír		Tá. Tugtar comhaontuithe déthaobhacha/iltaobhacha éagsúla chun críche (níor tugadh mionsonraí).	
An Pholainn	Airt. 22(3) den Acht an 13 Aibreán 2007 maidir leis an gCigireacht Náisiúnta Saothair – sa raon feidhme lena gcumhdaítear comhlíonadh dhlí an tsaothair, go háirithe rialacha agus rialacháin um shábháilteacht agus sláinte cheirde, agus forálacha maidir le dlíthiúlacht fostaíochta agus oibre íoctha eile. San fhoráil sin, ní dhéantar aon tagairt do chigireachtaí arna ndéanamh ag an Institiúid Árachais Shóisialta.	Comhaontú leis an mBulgáir, leis an Danmhairg, leis an Eastóin, leis an Iorua agus leis an tSlóvaic. Thuag an Chigireacht Náisiúnta Saothair comhaontuithe comhair chun críche le cigireachtaí saothair ó thíortha eile den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch freisin, ar comhaontuithe iad lena sonraítear, i bprionsabal, malartú faisnéise.	
An Phortaingéil		Cigireachtaí comhpháirteacha de chuid na Portaingéile agus na Spáinne agus malartú faisnéise eatarthu maidir le timpistí oibre, íosphá oibríthe ar postú, coinníollacha cóiríochta (an Ghailís – Braga), Comhaontuithe déthaobhacha leis an bhFrainc agus leis an mBulgáir maidir le malartú faisnéise	
An Rómáin			Níl.
An tSlóvaic	Foráiltear le hAcht Uimh. 125/2006 Coll. um an gCigireacht Saothair (Airteagal 7(3)(q) agus Airteagal 15) go bhféadfaidh cigire ó Bhallstát eile páirt a ghlacadh i gcigireacht a dhéantar i bPoblacht na Slóvaice i gcáil saeolaí sheachtraigh dá dtugtar cuireadh.	Comhaontú leis an bPolainn maidir le comhar déthaobhach agus malartú faisnéise.	
An tSlóivéin			Níl.
An Spáinn	Acht 23/2015 lena rialaítear córas na Cigireachta Saothair agus Slándála Sóisialta	Tá comhaontuithe a tugadh chun críche leis an bPolainn, leis an bPortaingéil agus leis an bhFrainc i bhfeidhm.	
An tSualainn			Níl.

Cé na hinniúlachtaí atá ag cigire ar cuairt le linn cigireacht chomhpháirteach arna déanamh i do Bhallstát? (Torthaí mionsonraithe)

Ballstát	Inniúlacht iomlán	Inniúlacht theoranta / breathnóir	Eile / Neamhcheadaithe
An Ostair		Maidir leis an bhféidearthacht le páirt a ghlacadh i gcigireacht mar bhreathnóir, tá sí teoranta do chigireacht a dhéanamh ar luach saothair íosta agus ar chomhlíonadh na gceanglas riaracháin atá le comhlíonadh ag cuideachtaí postaithe.	
An Bheilg		Ba cheart tuairisc a thabhairt ar na hinniúlachtaí i gcomhaontuithe déthaobhacha ach, sa chleachtas, ní shonraítear in aon chomhaontuithe déthaobhacha ról sonracha an chigire.	
An Bhulgáir		Féadfaidh cigire ar cuairt bheith i láthair ach ní fhéadfaidh sé/sí déanamh amhlaidh ach amháin i gcáil breathnóra agus le toiliú follasach ón bhfostóir (is ábhar don chigireacht).	
An Chróit		I gcáil breathnóra amháin.	
An Chipir		Féadfaidh cigire ar cuairt bheith i láthair ach ní fhéadfaidh sé/sí déanamh amhlaidh ach amháin i gcáil breathnóra.	
Poblacht na Seice		Féadfaidh cigire ar cuairt páirt a ghlacadh sa chigireacht i gcáil eintiteas a bhfuil stádas speisialta aige, a gfonamh dó/di mar dhuine ar a dtugtar an “duine dá dtugtar cuireadh” i gcás ina dtabharfaidh údarás cigireachta na Seice údarú don chigire a bheith ina d(h)uine dá dtugtar cuireadh chun críocha cigireachta. Díorthaítear cearta sonracha an duine dá dtugtar cuireadh ó chuspóir na cigireachta ina nglacann sé/sí páirt, i.e. glacann an duine dá dtugtar cuireadh páirt sna gníomhaíochtaí sin de chuid an pháirtí cigireachta a chomhfhreagraíonn don chúis a bhfuil sé/sí ag glacadh páirt sa chigireacht.	
An Danmhairg		Féadfaidh cigire ar cuairt páirt a ghlacadh i gcigireacht mar bhreathnóir ar choinníoll go dtabharfaidh fostóir (úinéir) na cuideachta a bhfuil cigireacht á déanamh uirthi cead do chigire ar cuairt bheith i láthair.	
An Eastóin		I gcáil breathnóra amháin.	
An Fhionlainn		Féadfaidh cigire ar cuairt bheith i láthair ach ní fhéadfaidh sé/sí déanamh amhlaidh ach amháin i gcáil breathnóra.	
An Fhrainc		I gcáil breathnóra amháin.	
An Ghearmáin		Féadfaidh cigire ar cuairt bheith i láthair ach ní fhéadfaidh sé/sí déanamh amhlaidh ach amháin i gcáil breathnóra agus le toiliú follasach ón bhfostóir (is ábhar don chigireacht). Ina ról mar bhreathnóir, níl aon inniúlachtaí ar chor ar bith ag an gcigire ar cuairt.	

Ballstát	Inniúlacht iomlán	Inniúlacht teoranta / breathnóir	Eile / Neamhcheadaithe
An Ghréig			Leis an gcreat dlíthiúil le haghaidh cigireachtaí, bunaítear inniúlachtaí cigireachta aonair agus eisiacha don chomhlacht cigireachta náisiúnta saothair. Ní thugtar aon fhéidearthacht leis an reachtaíocht atá ann cheana go mbeadh cigirí eile i láthair.
An Ungáir		Ós rud é nach ann san Ungáir d'aon chreat dlíthiúil lena rialáiltear cigireachtaí comhpháirteacha trasteorann, ní leagtar na hinniúlachtaí amach i rialacháin dhlíthiúla, ach d'fhéadfadh cigire bheith i láthair le linn cigireacht chomhpháirteach trasteorann mar bhreathnóir.	
Éire		I gcáil breathnóra amháin.	
An Iodáil		I gcáil breathnóra amháin.	
An Laitvia		I gcáil breathnóra amháin, i gcás ina bhfaighfear toiliú ó úinéir na míre a bhfuil cigireacht le déanamh uirthi.	
An Liotuáin		I gcáil breathnóra amháin.	
Lucsamburg		I gcáil breathnóra amháin (gan aon inniúlacht ar bith).	
Málta			Ní bhreithnítear i ndlí Mhálta an fhéidearthacht go nglacfaidh cigirí ar cuairt páirt i gcigireachtaí.
An Ísiltír		Féadfaidh cigirí eachtracha cigirí Ollannacha a thionlacan le linn cigireachta, ach ní bheidh aon inniúlacht acu agus féadfaidh fostóir (úinéir) na cuideachta a bhfuil cigireacht á déanamh uirthi diúltú do rochtain ar an áitreabh a thabhairt dóibh.	
An Pholainn		Ní fhéadfaidh cigire ar cuairt/cigire eachtrach cigireacht a dhéanamh ach amháin i gcomhar le cigire áitiúil agus tar éis dó/di údarú pearsanta a fháil. Ní fhéadfaidh cigirí eachtracha saothair tús a chur le haon ghníomhaíochtaí ina n-aonar. An ról atá acu sa chigireacht is ea obair i gcáil atá coimhdeach le príomhról na gcigirí Polannacha. San inniúlacht a chuirtear i láthair, ní dhéantar aon tagairt do chigireachtaí arna ndéanamh ag an Institiúid Árachais Shóisialta.	
An Phortaingéil		I gcáil breathnóra amháin.	
An Rómáin		I gcáil breathnóra amháin.	
An tSlóvaic		Inniúlachtaí atá teoranta i gcomparáid leo sin atá ag cigire Slóvacach saothair ach atá níos leithne ná inniúlachtaí an chigire atá ag obair i gcáil breathnóra amháin: féadfaidh cigire ar cuairt ról a bheith aige/aici mar shaineolaí seachtrach dá dtugtar cuireadh, bunaithe ar údarú i scríbhinn a fháil ón údarás cigireachta saothair, agus féadfaidh sé/sí na nithe seo a leanas, mar shampla, a dhéanamh: (i) dul isteach in áitreabh in éineacht leis an gcigire Slóvacach saothair, (ii) rialú, tástálacha, imscrúduithe agus gníomhaíochtaí eile a	

Ballstát	Inniúlacht iomlán	Inniúlacht theoranta / breathnóir	Eile / Neamhcheadaithe
		dhéanamh, faisnéis agus mínithe a éileamh maidir leis an dóigh a bhfuiltear ag cloí le forálacha agus oibleagáidí áirithe a eascraíonn as comhaontuithe comhchoiteanna, (iii) a éileamh go ndéanfaí doiciméadacht, taifid nó doiciméid eile le haghaidh an chigireacht saothair a dhéanamh a chur i láthair agus cóipeanna díobh a éileamh, (iv) samplaí a thógáil d'ábhair agus de shubstaintí. Níl na hinniúlachtaí sin ag cigire ar cuairt ach amháin laistigh den chigireacht leanúnach saothair arna déanamh ag cigire saothair Slóvacach.	
An tSlóivéin		Féadfaidh cigirí ó Bhallstáit eile (nó aon rannpháirtithe eile) bheith i láthair ag an gcigireacht, tar éis cead a fháil roimh ré ó fhostóir.	
An Spáinn		Ar bhonn comhaontuithe déthaobhacha, féadfaidh údaráis de chuid Ballstát eile páirt a ghlacadh i gcigireacht a dhéantar sa Spáinn, agus féadfaidh siad déanamh amhlaidh mar bhreathnóirí agus trí pháirt a ghlacadh iontu, agus inniúlachtaí teoranta acu.	
An tSualainn		I gcáil breathnóra amháin.	

An bhfuil sé amhlaidh go bhféadfar fianaise arna bailiú le linn cigireachta arna déanamh i mBallstát eile a úsáid mar fhianaise os comhair cúirte? (Torthaí mionsonraithe)

Ballstát	TÁ	NÍL / Teorainneacha
An Ostair	Tá.	
An Bheilg	Tá.	
An Bhulgáir		Píosaí dlí-eolaíochta a thagann salach ar a chéile ar ábhar na hinghlacthachta. Sa dlí nós imeachta, níl aon fhorálacha follasacha ann maidir le húsáid agus inghlacthacht na fianaise sin sa chúirt.
An Chróit	Ní mór an fhianaise a sholáthar trí chóras IMI.	
An Chipir	Ní mór an fhianaise a sholáthar trí chóras IMI.	
Poblacht na Seice	Tríd is tríd, féadfar aon fhianaise ar féidir léi cabhrú le hábhar an cháis a shoiléiriú a thabhairt ar aird mar fhianaise in imeachtaí cúirte, ar choinníoll go bhfuarthas go dleathach í. In imeachtaí riaracháin agus coiriúla, ní fhéadfar fianaise arna cuardach, arna fáil nó arna déanamh ar bhealach neamhdhleathach a úsáid, i bprionsabal, in imeachtaí os comhair cúirte.	
An Danmhaig	Tá.	
An Eastóin	Measfar fianaise arna bailiú ag an údarás inniúil de chuid stáit eachtraigh a bheith ina fianaise freisin i gcás ina gcuirfead dliteanas chun feidhme faoin Acht um Choinníollacha Oibre na bhFostaithe a Phostaítear chuig an Eastóin. San Eastóin, ní dhéileálfadh an chúirt leis na fíneálacha ach amháin i gcás ina ndéanfaidh fostóirí agóid in aghaidh na fíneála arna thabhairt ag an gCigireacht Saothair.	
An Fhionlainn	Féadfar doiciméid ó Bhallstáit eile a úsáid in imeachtaí coiriúla san Fhionlainn. Féadfaidh údarás inniúil Fionlannach iarraidh a dhéanamh chuig údarás inniúil de chuid Ballstáit eile ar dhoiciméad a sholáthar nó a sheirbheáil i gcás ina gceadófar amhlaidh le dlí an Bhallstáit atá i gceist. Déanfar an iarraidh i gcomhréir leis an nós imeachta a gceanglaíonn an Ballstát atá i gceist é agus leis an méid a comhaontaíodh idir an Fhionlainn agus an Ballstát atá i gceist. Is gnách gur trí chóras IMI a sheoltar an nós imeachta um dhoiciméid a fháil ó Bhallstát eile, ach níl aon cheanglas dlíthiúil ann an nós imeachta sin a úsáid i gcás imscrúdaithe choiriúil atá bunaithe ar an Acht um Oibríthe a Phostú.	
An Fhrainc	Ní mór an fhianaise a sholáthar trí chóras IMI.	
An Ghearmáin		Sonraí/faisnéis arna malartú idir údarás inniúla na mBallstát trí bhíthin cúnaimh fhrithpháirtigh (iarrataí foirmiúla ar chúnaimh fhrithpháirteach/malartú faisnéise gan iarraidh roimh ré (malartú spontáineach)) sa nós imeachta riaracháin.

Ballstát	TÁ	NÍL / Teorainneacha
An Ghréig	Féadfar fianaise a úsáid ach beidh cuntaire léi: ní fhéadfar fianaise a úsáid ach amháin i gcás ina mbeidh sí aistriithe go foirmiúil agus ina mbeidh sí faoi shaormheastóireacht ag an gcúirt náisiúnta.	
An Ungáir	Tá.	
Éire		Foráiltear d'eisceacht faoi alt 27(7) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 i dtaca le ráitis fhéin-inchoiritheacha nó admhálacha arna dtabhairt de bhun chumhachtaí an chigire chun ceangal a chur ar dhuine aonair faisnéis bhreise a sholáthar agus ceisteanna a fhreagairt.
An Iodáil	Ba cheart a thabhairt faoi deara gur mó os comhair cúirte luach na fianaise sin arna bailiú ag oifigigh phoiblí (amhail cigirí Iodálacha). Ina theannta sin, maidir le cásanna lena mbaineann postú oibríthe, moltar go mbainfí úsáid as córas IMI, de bharr an bhunús dlí shoiléir atá aige.	
An Laitvia	Ní mór doiciméid a fháil ar bhealach dlísteanach agus ní mór iad a sholáthar trí chóras IMI. Ní mór an fhianaise a bheith aistriithe go hoifigiúil go Laitvis agus ní mór an fhianaise a bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha céanna is a chomhlíonann fianaise arna bailiú sa Laitvia.	
An Liotuáin	Ní mór an fhianaise a sholáthar trí chóras IMI.	
Lucsamburg	Ar bhonn a húsáide mar dhoiciméid tacaíochta i gcomhthéacs aon sáráithe ar an reachtaíocht náisiúnta.	
Málta	An príonsabal ginearálta a bhfuil feidhm aige is ea nach mór an fhianaise is fearr a thabhairt ar aird. Dá bhris sin, féadfar ceangal a chur ar an gcigire eachtrach a bhailigh an fhianaise fianaise a thabhairt.	
An Ísiltír	Ní mór an fhianaise a bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha céanna is a chomhlíonann fianaise arna bailiú san Ísiltír. I bhformhór na gcásanna, comhlíonfaidh faisnéis arna malartú trí chóras IMI na coinníollacha sin.	
An Pholainn	Tá. Ní mór fianaise a bheith bailithe ar bhealach dleathach i gcomhréir le reachtaíocht na Polainne agus tá sí faoi réir measúnú treallach ag cúirt náisiúnta. Mar riail ghinearálta, ní mór doiciméid teanga iasachta a bheith aistriithe go Polainnis agus is féidir go mbeidh dlísteanú breise ag teastáil freisin.	
An Phortaingéil	Ní mór an fhianaise a bheith bailithe go dleathach i gcomhréir le dlí na Portaingéile.	
An Rómáin		Bíonn inghlacthacht na fianaise ag brath ar an gcúirt/ar bhreith ón gcúirt.
An tSlóvaic	Tá. Ní mór an fhianaise a bheith bailithe go dleathach i gcomhar le dlí na Slóvaice agus a bheith faoi shaormheastóireacht ag an gcúirt náisiúnta.	
An tSlóivéin	Chun go bhféadfar doiciméad eachtrach a úsáid mar fhianaise, ní mór é a bheith deimhnithe agus, faoi choinníoll na cómhálartachta, ní mór an luach profach céanna is atá ar dhoiciméad poiblí intíre a bheith air. Mar sin féin, bíonn úsáid na fianaise ag brath ar imthosca aon cháis ar leith. Ní mór cloí leis na forálacha ábhartha de chuid reachtanna nós imeachta.	
An Spáinn	Tá.	
An tSualainn	Tá.	

An bhfuil sé amhlaidh go bhféadfar fianaise arna bailiú le linn cigireachta arna déanamh i mBallstát eile a úsáid mar fhianaise in imeachtaí riaracháin? (Torthaí mionsonraithe)

Ballstát	TÁ	NÍL / Teorainneacha
An Ostair	Tá.	
An Bheilg	Tá.	
An Bhuigáir	Tá.	
An Chróit	Ní mór an fhianaise a sholáthar trí chóras IMI.	
An Chipir	Ní mór an fhianaise a sholáthar trí chóras IMI.	
Poblacht na Seice	Tríd is tríd, féadfar aon fhianaise a chabhraíonn le hábhar an cháis a shoiléiriú a thabhairt ar aird mar fhianaise in imeachtaí riaracháin, i gcás ina bhfuarthas go dleathach í. Ní mór fianaise arna bailiú ag údarás cigireachta i mBallstát eile a sholáthar d'údarás cigireachta na Seice ar bhealach a chruthaíonn go bhfuil an fhianaise á soláthar ag údarás eachtrach sonrach agus ar bhealach a chruthaíonn cén uair atá an fhianaise á soláthar agus conas atá an fhianaise á soláthar (trí chóras IMI, trí oibreoir seirbhíse poist nó ar bhealach eile). Ní mór fianaise i dteanga seachas Seicis nó Slóvaicis a sholáthar i dteannta aistriúcháin oifigiúil go Seicis, ach amháin i gcás nach n-éileoidh an t-údarás riaracháin an t-aistriúchán sin ann.	
An Danmhairg	Tá.	
An Eastóin	Measfar fianaise arna bailiú ag an údarás inniúil de chuid stáit eachtraigh a bheith ina fhianaise freisin i gcás ina gcuirfead dlíteanas chun feidhme faoin Acht um Choinníollacha Oibre na bhFostaithe a Phostaítear chuig an Eastóin, i gcás imeachtaí riaracháin. Mar eolas, iarraidimid sa chleachtas go gcuirfí an fhianaise ar aghaidh chugainn trí chóras IMI chun cloí le rialacha cosanta sonraí.	
An Fhionlainn	I gcás nach mbainfidh an cás le pionós riaracháin airgeadais ná fíneáil a fhorchur ann agus, ina ionad sin, ina mbainfidh sé le fianaise arna bailiú i mBallstát eile agus arna hiarraidh ag údarás Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde na Fionlainne, tuigimid nach mbeidh aon cheanglas dlíthiúil ann le córas IMI a úsáid. Bunaithe ar Acht na Fionlainne um Oibríthe a Phostú, féadfaidh údarás inniúil Fionlannach iarraidh a dhéanamh chuig údarás inniúil de chuid Ballstáit eile den Aontas Eorpach ar dhoiciméad a sholáthar nó a sheirbheáil i gcás ina gceadófar amhlaidh le dlí an Bhallstáit atá i gceist. Déanfar an iarraidh i gcomhréir leis an nós imeachta a gceanglaíonn an Ballstát atá i gceist é agus leis an méid a comhaontaíodh idir an Fhionlainn agus an Ballstát atá i gceist.	
An Fhrainc	Ní mór an fhianaise a sholáthar trí chóras IMI.	
An Ghearmáin		Sonraí/faisnéis arna malartú idir údarás inniúla na mBallstát trí bhíthin cúnamh fhrithpháirtigh (iarrataí foirmiúla ar chúnamh fhrithpháirteach/malartú faisnéise gan

Ballstát	TÁ	NÍL / Teorainneacha
		iarraidh roimh ré (malartú spontáineach) sa nós imeachta riaracháin.
An Ghréig		Níl.
An Ungáir	Tá.	
Éire	Ní mór fianaise a bheith faighte de bhun chumhachtaí an chigire faoi alt 27 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015.	
An Iodáil	Maidir le cásanna lena mbaineann postú oibríthe, moltar go mbainfí úsáid as córas IMI, de bharr an bhunús dlí shoiléir atá aige.	
An Laitvia	Ní mór an fhianaise a bheith aistriithe go hoifigiúil go Laitvis agus ní mór an fhianaise a bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha céanna is a chomhlíonann fianaise arna bailiú sa Laitvia.	
An Liotuáin	Ní mór an fhianaise a sholáthar trí chóras IMI.	
Lucsamburg	Ar bhonn a húsáide mar dhoiciméid tacaíochta i gcomhthéacs aon sáráithe ar an reachtaíocht náisiúnta.	
Málta		Níl.
An Ísiltír	Ní mór an fhianaise a bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha céanna is a chomhlíonann fianaise arna bailiú san Ísiltír. I bhformhór na gcásanna, comhlíonfaidh faisnéis arna malartú trí chóras IMI na coinníollacha sin.	
An Pholainn	I bprionsabal, beidh doiciméid oifigiúla de bhunús eachtrach faoi réir saormheasúnú ag an údarás atá i mbun breithnithe, mura bhforáiltear dá mhalairt i reachtaíocht shonrach nó i gcomhaontuithe idirnáisiúnta. Ní mór doiciméid teanga iasachta a bheith aistriithe go Polainnis agus is féidir go mbeidh dlisteanú ag teastáil freisin.	
An Phortaingéil	Ní mór an fhianaise a bheith bailithe go dleathach i gcomhréir le dlí na Portaingéile.	
An Rómáin	Ní mór an fhianaise a sholáthar trí chóras IMI.	
An tSlóvaic	Ba cheart fianaise a sholáthar trí chóras IMI nó trí shásra aonair eile toisc go méadaíonn sé sin feidhm dhlíthiúil na fianaise. Tríd is tríd, áfach, féadfar fianaise a sholáthar trí úsáid a bhaint as aon mhodh (i) atá oiriúnach don staid gnóthaí iarbhír a dhéanamh amach agus a shoiléiriú, agus (ii) atá i gcomhréir leis an dlí.	
An tSlóivéin	Chun go bhféadfar doiciméad eachtrach a úsáid mar fhianaise, ní mór é a bheith deimhnithe agus, faoi choinníoll na cómhálartachta, ní mór an luach profach céanna is atá ar dhoiciméad poiblí intíre a bheith air. Níl feidhm ag an gcómhalartacht maidir le deimhnithe. Mar sin féin, bíonn úsáid na fianaise ag brath ar imthosca aon cháis ar leith. Ní mór cloí leis na forálacha ábhartha de chuid reachtanna nós imeachta.	
An Spáinn	Féadfar an fhianaise a úsáid sna himeachtaí riaracháin a gcomhfhreagraíonn a dtionscnamh don chigireacht saothair agus slándála sóisialta.	
An tSualainn	Tá.	

Dul i dteagmháil leis an Údarás Eorpach Saothair

Trí ríomhphost:

- trí ríomhphost: EMPL-ELA-INSPECTIONS@ec.europa.eu
- trí chuairt a thabhairt ar an suíomh gréasáin: <https://www.ela.europa.eu/contact.html>

Faisnéis a aimsiú faoi ELA

Ar líne

Tá faisnéis faoin Údarás Eorpach Saothair ar fáil ar an suíomh gréasáin: <https://www.ela.europa.eu/index.html>

Foilseacháin ón Aontas Eorpach

Is féidir leat foilseacháin ón Aontas Eorpach a íoslódáil nó iad a ordú saor in aisce nó ar airgead ó Shiopa Leabhar an Aontais Eorpaigh ag: <http://bookshop.europa.eu>.

Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun rochtain a fháil ar fhaisnéis dhlíthiúil ón Aontas Eorpach i ngach leagan teanga oifigiúla, lena n-áirítear an dlí ar fad ón Aontas ó bhí an bhliain 1951 ann, téigh go EUR-Lex ag: <http://eur-lex.europa.eu>

